Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Rialú Buiséadach

2023/2129(DEC)

12.1.2024

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
(2023/2129(DEC))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Isabel García Muñoz

CLÁR

Leathanach

1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún 4

2. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol don bhliain airgeadais 2022 6

3. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr don bhliain airgeadais 2022 9

4. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide don bhliain airgeadais 2022 12

5. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022 15

6. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú don bhliain airgeadais 2022 18

7. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022 21

8. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le clabhsúr a chur le cuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún 24

9. TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith

chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin 26

CAIBIDIL I – an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 29

CAIBIDIL II – An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) 58

1. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún (2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2022 ón gCoimisiún ar Bhainistiú agus ar Fheidhmíocht i ndáil le Buiséad an Aontais (COM(2023)401),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022, maille le freagraí na n-institiúidí[3], agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[4] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[4] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[5], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

1. ag deonú urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022/ ag cur a cinnidh i dtaobh urscaoileadh a dheonú don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 ar athló;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus chuig na parlaimintí náisiúnta agus chuig institiúidí iniúchóireachta náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

---

[5] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

2. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol don bhliain airgeadais 2022
(2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol don bhliain airgeadais 2022[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[5] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/809, 22.11.2023.
[4] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[5] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[7] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail[8] a bhainistiú, agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[9],

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

---

[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[8] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[9] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022/ ag cur siar a cinneadh i dtaobh urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III — an Coimisiún agus an rún ar cuid dhílis de na cinntí sin é, a chur chuig Stiúrthóir na Gníomhaireachta Eorpaí Feidhmiúcháin um Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

3. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr don bhliain airgeadais 2022 (2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr don bhliain airgeadais 2022[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[5] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/811, 22.11.2023.
[4] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[5] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[7] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail[8] a bhainistiú, agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[9],

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

---

[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[8] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[9] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Gníomhach na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022/ ag cur siar a cinneadh i dtaobh urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Gníomhach na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúr i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III — an Coimisiún agus an rún atá ina chuid dhílis de na cinntí sin, a chur chuig Stiúrthóir Gníomhach na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Oideachas agus Cultúir, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

4. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide don bhliain airgeadais 2022
(2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide don bhliain airgeadais 2022[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[5] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/822, 22.11.2023.
[4] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[5] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[7] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail[8] a bhainistiú, agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[9],

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

---

[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[8] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[9] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022/ ag cur siar a cinneadh maidir le hurscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III — an Coimisiún agus an rún atá ina chuid dhílis de na cinntí sin, a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in I*ris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

5. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022 (2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[5] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/831, 22.11.2023.
[4] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[5] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[7] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail[8] a bhainistiú, agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[9],

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

---

[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[8] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[9] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022/ ag cur a cinnidh maidir le hurscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022 ar athló;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III — an Coimisiún agus an rún ar cuid dhílis de na cinntí sin é, a chur chuig Stiúrthóir Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

6. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú don bhliain airgeadais 2022 (2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú don bhliain airgeadais 2022[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[5] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] C/2023/847, 22.11.2023.
[4] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[5] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[7] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail[8] a bhainistiú, agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[9],

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

---

[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[8] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[9] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022/ag cur siar a cinneadh i dtaobh urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III — an Coimisiún agus an rún atá ina chuid dhílis de na cinntí sin, a chur chuig Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um an tSláinte agus an Digitiú, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

7. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022 (2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde don bhliain airgeadais 2022[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí maidir le gníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí[4],

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[5] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/850, 22.11.2023.
[4] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[5] IO C, C/2023/112, 12.10.2023.

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[6], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[7] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(3) de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i dtaca le cláir Chomhphobail[8] a bhainistiú, agus go háirithe an chéad mhír agus an dara mír d'Airteagal 66 de,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE[9],

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

---

[6] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[7] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.
[8] IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.
[9] IO L 50, 15.2.2021, lch. 9.

1. ag deonú urscaoileadh do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022/ ag cur siar a cinneadh i dtaobh urscaoileadh a dheonú do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde i leith chur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo, an cinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III — an Coimisiún agus an rún ar cuid dhílis de na cinntí sin é, a chur chuig Stiúrthóir na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Eorpaí um Thaighde, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus socrú a dhéanamh go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L) iad.

8. TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le clabhsúr a chur le cuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún
(2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[1],

– ag féachaint do chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 (COM(2023)0391 – C9-0248/2023)[2],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2021 (COM(2023)384), agus do na freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha arna ndéanamh ag Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2022 ón gCoimisiún ar Bhainistiú agus ar Fheidhmíocht i ndáil le Buiséad an Aontais (COM(2023)401),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig an údarás um urscaoileadh maidir leis na hiniúchtaí inmheánacha a rinneadh in 2022 (COM(2023)323), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann léi (SWD(2023)214),

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022, maille le freagraí na n-institiúidí[3], agus do na tuarascálacha speisialta ón gCúirt Iniúchóirí,

– ag féachaint don ráiteas dearbhaithe[4] i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint don mholadh ón gComhairle maidir le ... Feabhra 2024 maidir le hurscaoileadh a dheonú do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (00000/2024 – C9-0000/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 317, d'Airteagal 318 agus d'Airteagal 319 den Chonradh ar

---

[1] IO L 45, 24.2.2022.
[2] IO C, C/2023/2, 12.10.2023.
[3] IO C, C/2023/103, 4.10.2023.
[4] IO C, C/2023/112, 12.10.2023

Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[5], agus go háirithe Airteagail 69, 260, 261 agus 262 de,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail[6] a bhainistiú, agus go háirithe Airteagal 14(2) agus (3) de,

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

1. ag formheas dhúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022/ ag cur siar dhúnadh chuntais bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022;

2. ag leagan amach a bharúlacha sa rún atá ina chuid dhílis de na cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus chuig na parlaimintí náisiúnta agus chuig institiúidí iniúchóireachta náisiúnta agus réigiúnacha na mBallstát,

---

[5] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[6] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

agus socrú a dhéanamh lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

9. TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin (2023/2129(DEC))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint dá chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, Roinn III – an Coimisiún,

– ag féachaint dá cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséid na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2022,

– ag féachaint do Riail 99 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2024),

– ag féachaint do chomhaontú idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 maidir le comhar ar ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach;

Tosaíochtaí polaitiúla

1. ag meabhrú a tiomantais láidir do na bunphrionsabail agus luachanna a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-áirítear bainistíocht fhónta airgeadais mar a leagtar amach in Airteagal 317 de CFAE agus an comhrac in aghaidh na calaoise agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint mar a leagtar amach in Airteagal 325 de CFAE;

2. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá buiséad an Aontais chun tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach, chomh maith leis an ról atá aige cuidiú leis na Ballstáit i gcás imthosca gan choinne amhail paindéim COVID-19, coinbhleachtaí idirnáisiúnta nó géarchéim agus na hiarmhairtí lena mbaineann; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, ábharthacht leanúnach na n-infheistíochtaí agus na tacaíochta ó bhuiséad an Aontais chun éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus na réigiúin a laghdú, chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a chur chun cinn, chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, agus ar an gcaoi sin saol laethúil shaoránaigh an Aontais a fheabhsú;

3. á chur i bhfáth go gcuidíonn cur chun feidhme fónta agus tráthúil an bhuiséid le haghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar na riachtanais agus ar na dúshláin sna réimsí éagsúla beartais; ag tabhairt rabhadh go bhféadfadh, agus an buiséad á chur chun feidhme faoi bhrú ama, go méadófaí earráidí agus mírialtachtaí;

4. á chur i bhfáth rannchuidiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) chun tacú leis na Ballstáit téarnamh ó iarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19 agus Aontas athléimneach a chruthú ar féidir leis dúshláin na todhchaí a sheasamh; ag tabhairt dá haire rannchuidiú STA agus RePowerEU chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le fuinneamh a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme go tapa i gcomhréir leis na garspriocanna agus na spriocanna a comhaontaíodh;

5. á thabhairt chun suntais go raibh ról ríthábhachtach ag buiséad an Aontais in 2022 maidir le haghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine chun slabhraí soláthair bia a dhaingniú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le fuinneamh, chun tacú leis na Ballstáit fáilte a chur roimh dhídeanaithe, agus chun cúnamh a thabhairt don Úcráin aire a thabhairt dá saoránaigh; ag tabhairt dá haire gur chuir sé sin brú ar an mbuiséad agus gur baineadh úsáid as na bearta solúbthachta uile atá ar fáil; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, na tograí a rinne an Coimisiún san athbhreithniú ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) chun cistí a atreorú agus cistí úra a thiomsú, agus á iarraidh ar an gComhairle dul ar aghaidh go pras le glacadh na dtograí;

6. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé meastóireacht ex post a dhéanamh ar chláir airgeadais a cruthaíodh chun freagairt do ghéarchéim maidir lena n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a n-ábharthacht, a gcomhleanúnachas agus a mbreisluach Aontais;

7. ag cur béim ar ról na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sa chomhrac i gcoinne an éillithe; á iarraidh go ndéanfaí acmhainneachtaí OIPE agus OLAF, chomh maith le comhar eatarthu, a neartú tuilleadh; á iarraidh go mbeadh rialacha comhchoiteanna frith-éillithe ann a mbeadh feidhm acu maidir le foireann uile chomhlachtaí an Aontais;

8. á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne an Coimisiún in 2022 agus 2023 faoi shásra coinníollachta an Smachta Reachta chun buiséad an Aontais a chosaint agus á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de bheith airdeallach agus réamhghníomhach sna cásanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo nuair a dhéanann an easpa urraime do luachanna an Aontais agus don Smacht Reachta difear do leasanna airgeadais an Aontais nó nuair a bhagraíonn sí difear a dhéanamh dóibh;

9. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar thángthas air sa chaibidlíocht maidir le rialacha airgeadais athbhreithnithe an Aontais i mí na Nollag 2023; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, na feabhsuithe a bhaineann le cistí an Aontais a rianú trí uirlisí digiteacha lena neartófar cosaint Leasanna Airgeadais an Aontais, an tagairt do shásra coinníollachta an Smachta Reachta agus luachanna an Aontais, prionsabal na coinníollachta sóisialta a thabhairt isteach, chomh maith leis an deis chun cuichóiriú a

dhéanamh ar an tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'iarratasóirí aonair trí dheontais ar luach an-íseal a thabhairt isteach;

10. á mheabhrú don Choimisiún nach mór measúnuithe tionchair daingne agus críochnúla a bheith ag gabháil leis na tograí reachtacha uile a bhfuil tionchar suntasach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil acu, lena n-áirítear a dtionchar ar shaincheisteanna a bhaineann le hinscne, lena n-áiritheofar go n-éireoidh le príomhshruthú inscne i mBuiséad an Aontais;

11. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh moill shuntasach ar chur chun feidhme chlárthréimhse 2021-2027 mar thoradh ar ghlacadh déanach roinnt rialachán earnála lena rialaítear beartais éagsúla de chuid an Aontais, amhail an Beartas Comhtháthaithe; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta uile is gá a dhéanamh arís chun leanúint de dhlús a chur le cur chun feidhme na mbeartas ar an láthair, agus béim mhór á coinneáil ar chomhlíonadh na rialacha, ar thorthaí a bhaint amach agus ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé saoradh a sheachaint, rud a laghdódh tionchar bhuiséad an Aontais dá réir sin;

CAIBIDIL I – an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)

Ráiteas dearbhaithe agus bainistiú buiséadach agus airgeadais Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Beachtas na gcuntas

12. á chur in iúl gur geal léi go bhfaigheann an Chúirt ina Tuarascáil Bhliantúil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022[1], go bhfuil cuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain 2022 iontaofa; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur thug an Chúirt tuairim ghlan maidir le hiontaofacht na gcuntas gach bliain ó 2007 i leith;

13. ag tabhairt dá haire gurbh ionann iomlán na ndliteanas an 31 Nollaig 2022 agus EUR 577,2 billiún, i gcomparáid le EUR 445,9 billiún de shócmhainní iomlána; á thabhairt dá haire gurbh ionann an difríocht EUR 131.3 billiún agus na glansócmhainní (diúltacha), atá comhdhéanta de chúlchistí agus an chuid sin de na speansais a bhí tabhaithe cheana ag an Aontas suas go dtí an 31 Nollaig 2022 agus a chaithfear a chistiú as buiséid amach anseo;

14. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2022, gurbh é an luach measta a bhí ar speansais incháilithe tairbhithe a bhí dlite do thairbhithe ach nach raibh éilithe fós ná EUR 148.7 billiún (2021: 129.9 billiún), arna dtaifeadadh mar speansais fhabhraithe, a mbaineann EUR 22.6 billiún de le caiteachas fabhraithe STA;

15. ag tabhairt dá haire, i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse tar éis phróiseas aistarraingthe na Ríochta Aontaithe, gur mheas an Coimisiún, ar dháta an chláir comhardaithe, gur léirigh cuntais an Aontais glansuim infhaighte EUR 23.9 billiún (2021: €41.8 billiún) a bhí dlite ón Ríocht Aontaithe agus meastar go n-íocfar EUR 9.1 billiún di sin sna 12 mhí i ndiaidh an dáta tuairiscithe;

16. ag tabhairt dá haire go bhfuil measúnú déanta ag an gCúirt ar an tionchar a bhí ag cogadh foghach na Rúise gan chúis agus gan údar i gcoinne na hÚcráine ar chuntais an Aontais; á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte gur tugadh cuntas iomchuí ar an tionchar sin agus gur nochtadh é sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite;

17. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte go ndéantar na sócmhainní, na dliteanais, an t-ioncam agus na costais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ‘Next Generation EU’ (‘NGEU’), a chur i láthair go cothrom sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite;

Dlíthiúlacht agus rialtacht ioncam agus chaiteachas an Aontais

18. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte go bhfuil an t-ioncam saor ó earráid ábhartha agus go raibh na córais chun an t-ioncam a bhainistiú a scrúdaigh an Chúirt éifeachtach go ginearálta; á chur in iúl gur oth léi an tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas bhuiséad an Aontais arna eisiúint ag an gCúirt

[1] IO C, C/2023/103, 4.10.2023

don cheathrú bliain as a chéile;

19. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt gurb é 4.2 % (3 % in 2021) an leibhéal earráide do chaiteachas 2022 atá os cionn na tairsí ábharthachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil muinín ag an gCoimisiún go meastar gurb ionann an riosca tráth na híocaíochta agus 1.9 % do 2022 (cosúil le 2020, 2021 agus 2022), go bhfuil sé ionadaíoch ar an leibhéal earráide tráth na híocaíochta; ag tabhairt dá haire gurb ionann meastachán an Choimisiúin ar an riosca tráth an chlabhsúir, tar éis rialuithe agus ceartúcháin ex-post a chur i bhfeidhm, agus 0.9 %; ag tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht ann idir ráta foriomlán earráide na Cúirte agus riosca an Choimisiúin tráth na híocaíochta, rud a fheictear maidir le caiteachas foriomlán bhuiséad an Aontais in 2022, cé nach bhfuil sé i ngach réimse caiteachais;

20. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an meastachán ginearálta ar leibhéal na hearráide i mbuiséad an Aontais, mar a chuirtear i láthair i Ráiteas Dearbhaithe na Cúirte é, ina mheastachán ar an airgead nár cheart a íoc toisc nár úsáideadh é i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme, agus nach beart calaoise ná neamhéifeachtúlachta ná dramhaíola é;

21. á mheabhrú go bhfuil cur chuige agus modheolaíocht iniúchóireachta na Cúirte bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta lena gceanglaítear tástáil a dhéanamh ar shampla randamach, ionadaíoch d'idirbhearta a mbíonn meastachán ar an ráta earráide mar thoradh orthu; á mheabhrú go ndéanann an Chúirt idirdhealú idir caiteachas ísealriosca, i.e. íocaíochtaí bunaithe ar theidlíocht faoi rialacha simplithe, agus caiteachas ardriosca, i.e. íocaíochtaí bunaithe ar aisíocaíocht faoi réir rialacha casta; ag tabhairt dá haire, i gcás chaiteachas 2022, gur roghnaigh an Chúirt 66 % dá pobal iniúchóireachta ón gcaiteachas ardriosca (63.2 % in 2021), arb ionann é agus EUR 110.1 billiún, agus 34 % ón gcaiteachas ísealriosca, arb ionann é agus EUR 56.7 billiún; ag tabhairt dá haire go bhfuil ráta earráide measta na Cúirte do 2022 (4.2 %) bunaithe den chuid is mó ar 'Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna' (2.5 % den ráta foriomlán earráide), 'Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol (0.8 %), 'Comharsanacht agus an domhan' (0.4 %), agus 'Margadh aonair, nuálaíocht agus digiteach' (0.3 %), ar mheas an Chúirt gur réimsí caiteachais ardriosca iad go léir; ag tabhairt dá haire gurb ionann riosca tráth na híocaíochta an Choimisiúin le haghaidh 2022 agus 1.9 %;

22. á mheabhrú nach bhfuil iarrachtaí iniúchóireachta na Cúirte dírithe ach ar an mbliain atá faoi athbhreithniú agus nach féidir saolré chláir agus chistí an Aontais a chur san áireamh iontu, chomh maith le ceartúcháin agus aisghabhálacha tar éis dheireadh na bliana atá faoi athbhreithniú;

23. á mheabhrú gur cláir ilbhliantúla iad cláir chaiteachais an Aontais trí dhearadh agus go gcumhdaítear roinnt blianta freisin lena gcórais rialaithe agus lena dtimthriallta bainistithe gaolmhara; á mheabhrú go bhfuil peirspictíocht ilbhliantúil ag meastacháin an Choimisiúin ar an riosca tráth an chlabhsúir lena gcuirtear san áireamh ceartúcháin agus aisghabhálacha thar roinnt blianta; ag tabhairt dá haire go bhfuil cur chuige an Choimisiúin bunaithe ar na céadta míle tástáil mar a shainítear i straitéisí rialaithe, a dhéantar le linn obair rialaithe agus iniúchóireachta shubstainteach atá dírithe go príomha ar chomhlíonadh rialacha agus rialacháin an Aontais a sheiceáil, ar tástálacha iad is infheidhme maidir le cláir ar leith, chun a shuíomh ar deireadh an gá cistí a

aisghabháil ó thairbhithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil raon an riosca tráth na híocaíochta, arna chinneadh mar chuid den chur chuige sin, cosúil le formhór ráta earráide measta na Cúirte agus go measann an Coimisiún gurb é an meastachán is fearr é chun neamhchosaint bhuiséad an Aontais a léiriú;

24. á mheas go bhfónann an dá chur chuige do chríocha éagsúla agus go bhfuil buntáistí, míbhuntáistí, láidreachtaí agus laigí ag baint leo, agus gur cheart iad a úsáid comhlánú a dhéanamh ar a chéile agus tuiscint a fháil ag an am céanna ar na difríochtaí agus na sainiúlachtaí, amhail na coincheapa éagsúla earráide agus an catagóiriú riosca a úsáideann gach institiúid; ag moladh chur chuige an Choimisiúin maidir lena mhéid agus an ghráinneacht atá mar thoradh air sin chun na réimsí inar baineadh an tairbhe is fearr amach leis na hiarrachtaí breise agus réimsí inar gá feabhas a dhéanamh a shainaithint; á mheas gur táscaire tábhachtach é ráta earráide na Cúirte maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chur chun feidhme bhuiséad an Aontais a chomhlíonadh; á chur in iúl gur díol sásaimh di, i ndáil leis an méid sin, torthaí, barúlacha agus moltaí na Cúirte mar rannchuidiú an-úsáideach le feabhas breise a chur ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme an bhuiséid faoi mhodhanna éagsúla bainistíochta agus ag na geallsealbhóirí ábhartha uile;

25. ag tabhairt dá haire, maidir le roinnt saincheisteanna, go bhfuil torthaí na Cúirte agus an Choimisiúin ailínithe, go háirithe maidir leis na príomhfhoinsí neamhrialtachtaí sa ‘Comhtháthú’, agus na rioscaí níos airde do bhearta margaidh agus d’fhorbairt tuaithe in ‘Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol’; ag tabhairt dá haire, go sonrach in ‘Comhtháthú’ roinnt cásanna d’earráidí incháilitheachta arna sainaithint agus arna gcainníochtú ag an gCúirt, nach gceadaítear don Choimisiún an earráid a cháiliú mar neamhrialtacht atá le ceartú i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos in Airteagal 2(36) de Rialachán (AE) Uimh. 1060/2021 (‘Rialachán na bhForálacha Coiteanna’ nó CPR)[2] agus, dá bhrí sin, nach féidir leis an gCoimisiún nósanna imeachta ceartaithe airgeadais a shaothrú, agus nach dtiocfadh earráidí den sórt sin isteach i meastachán an Choimisiúin ar riosca tráth na híocaíochta;

26. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún feabhas ar a thuairisciú ar bhearta coisctheacha agus ceartaitheacha chun buiséad an Aontais a chosaint ar chaiteachas neamhdhleathach agus neamhrialta; ag tabhairt dá haire gur shoiléirigh an Coimisiún go n-áirítear sa mhéid iomlán a tuairiscíodh sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (AMPR) mar cheartuithe airgeadais agus aisghabhálacha (EUR 4.95 billiún) bearta coisctheacha agus ceartaitheacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún EUR 734 mhilliún i nglancheartúcháin agus EUR 195 mhilliún in íocaíochtaí neamhdhlite arna n-aisghabháil ó fhaighteoirí deiridh;

27. ag tabhairt dá haire nach ndéanann an Chúirt, agus a sainordú á fheidhmiú aici, calaois a imscrúdú ach go gcuireann sí riosca na calaoise san áireamh; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Chúirt amhras faoi chionta coiriúla a thagann faoina hinniúlachtaí ar aghaidh chuig OIPE agus amhras faoi chalaois, éilliú nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile chuig OLAF, a dhéanann difear do leasanna airgeadais an

[2]IO L 231, 30.6.2021, lch. 159

Aontais, a sainaithníodh agus a cuid iniúchtaí á ndéanamh aici; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt, in 2022, 14 chás calaoise amhrasta do OLAF, agus i gcomhthráth gur thuairiscigh sí 6 cinn de na cásanna sin do OIPE, rud a d'fhág 2 imscrúdú OLAF agus 3 imscrúdú OIPE go dtí seo;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

28. á chur in iúl gur geal léi gur úsáideadh 98.5 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a bhí ar fáil, in 2022, (EUR 179.4 billiún as EUR 182.2 billiún); ag tabhairt dá haire go raibh na leithreasuithe a bhí ar fáil níos airde ná uasteorainn CAI de EUR 179.9 billiún mar gheall ar úsáid ionstraimí speisialta, a bhfuil bonn cirt leo de bharr imeachtaí gan choinne, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht uile atá ar fáil faoi CAI; ag tabhairt dá haire gur úsáideadh 98.1 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (EUR 167.3 billiún de EUR 170.6 billiún ar fáil); ag moladh an Choimisiúin agus an údaráis bhuiséadaigh as a bhfreagairt bhuiséadach chinntitheach sholúbtha ar na dúshláin a bhí ann in 2022;

29. ag tabhairt dá haire gur shroich na gealltanais le híoc ina n-iomláine an leibhéal is airde riamh EUR 450 billiún in 2022, arbh é ba chúis leis an dá ghealltanas mhéadaithe a bhaineann le NGEU (leis na Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta uile a glacadh in 2022) agus tús chur chun feidhme chlárthréimhse 2021-2027; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún ag dréim leis go dtiocfaidh méadú breise ar an méid sin in 2023, agus go bhforáiltear do laghdú ó 2024 go 2027 nuair ba cheart méideanna geallta do NGEU agus do chlárthréimhse 2021-2027 araon a íoc;

30. ag tabhairt dá haire gur thug an Chúirt rabhadh go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca saortha i gcás cistí bainistíochta comhroinnte 2021-2027 faoi RTC, mar gheall ar shraith tosca, eadhon, an tús mall mar gheall ar rialacháin earnáilsonracha a ghlacadh go déanach, tosaíocht a thabhairt do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) atá fágtha agus cistiú NGEU, go bhfuil creat ama íocaíochta níos giorra ag na cistí sin bliain amháin i gcomparáid leis an tréimhse CAI roimhe sin agus an forluí le híocaíochtaí NGEU go dtí 2026; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur mhol an Chúirt in 2021 go n-áiritheodh an Coimisiún go mbeadh tacaíocht chomhairleach bhreise ann do na húdaráis náisiúnta ionas gur féidir le gach comhlacht atá freagrach as na cistí sin a bhainistiú agus a rialú bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú;

31. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar fhiachais an Aontais ó EUR 236.7 billiún in 2021 go dtí EUR 344.3 billiún in 2022; ag tabhairt dá haire, maidir leis an bhfiachas iomlán, nach gcruthaíonn ach an sciar de thacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU (EUR 185.6 billiún, 53.9 %) riosca ráta úis do bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar rátaí úis an mhargaidh a bheith ag dul i méid, gur mhéadaigh costas chistiú nua NGEU ó 0.14 % sa dara leath de 2021 go 1.24 % sa chéad leath de 2022, agus méadú breise go 2.60 % sa dara leath de 2022, rud a d'fhág go raibh EUR 0.5 billiún d'íocaíochtaí úis le haghaidh NGEU in 2022, agus go raibh méadú suntasach tuartha do 2023; á mheabhrú gur cheart tús a chur le haisíocaíochtaí iasachtaíocht NGEU in 2028 agus nach mór iad a chur i gcrích faoi 2058, a mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ag teastáil ina leith;

32. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis nua bainistithe fiachais i bhfeidhm ag an gCoimisiún ó mhí na Nollag 2022 i leith, eadhon, 'straitéis cistiúcháin éagsúlaithe' ina

bhfuil na teicnící agus na hionstraimí cistiúcháin a úsáideann eisitheoirí ceannasacha; á mheabhrú Tuarascáil Speisialta 16/2023 ón gCúirt maidir le bainistiú fiachais NGEU inar thángthas ar an gconclúid gur bhunaigh an Coimisiún a chóras bainistithe fiachais go tapa, lenar féidir tús tráthúil a chur le hoibríochtaí iasachtaíochta, lenar comhlíonadh na ceanglais rialála uile a bhaineann le punann fiachais agus bainistiú riosca;

33. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh neamhchosaint iomlán bhuiséad an Aontais mar gheall ar ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha le haghaidh iasachtaí go EUR 248.3 billiún, ar cruthaíodh EUR 57.8 billiún de le haghaidh coimirce bhreise tríd an gCiste don Soláthar Coiteann (‘CPF’); ag tabhairt dá haire go n-éilíonn rátaí úis níos airde ráta soláthair níos airde freisin amach anseo;

34. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar neamhchosaint bhuiséad an Aontais ar an Úcráin in 2022 go EUR 15.6 billiún, le forálacha gaolmhara, ag tabhairt dá haire, i gcás thacaíocht MFA+ don Úcráin ar luach EUR 18.0 billiún, a comhaontaíodh ag deireadh 2022 agus a eisíocadh i rith 2023, nach raibh gá le haon fhoráil sa chiste don soláthar coiteann; ag tarraingt aird ar an bhfíoras go caithfear caillteanais fhéideartha a bhaineann le MFA+ a chlúdach le buiséid an Aontais amach anseo nó leis an ‘lamháltas’ buiséadach idir uasteorainn CAI agus uasteorainn na n-acmhainní dílse;

Moltaí

35. ag tacú go láidir le moltaí na Cúirte ina Tuarascáil Bhliantúil ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (‘Tuarascáil Bhliantúil don bhliain airgeadais 2022)[3] agus i dtuarascálacha speisialta gaolmhara; á iarraidh ar an gCoimisiún iad a chur chun feidhme gan mhoill agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) leanúint dá plé leis an gCúirt chun cur leis an tuiscint agus leis an gcóineasú maidir leis an mbealach a ndéileálann an dá cheann acu leis na neamhrialtachtaí;
(ii.) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú gan cáilíocht na rialuithe a chur i mbaol;
(iii) dlús a chur leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le húsáid cistí, lena n-áirítear maidir le faisnéis faoi thairbhithe deiridh;
(iv) leanúint de thacaíocht a thabhairt d’acmhainneacht riaracháin údaráis na mBallstát;
(v) tuarascáil mar chuid dá nochtadh ar dhliteanais theagmhasacha agus ar a bhfuil i gceist le neamhchosaint bhliantúil bhuiséad an Aontais, a eascraíonn as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais do thríú tíortha;
(vi) leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar an riosca éillithe agus calaoise a d’fhéadfadh a bheith ann ar fud na gcistí go léir, agus úsáid á baint as aiseolas ó imscrúduithe arna ndéanamh ag OIPE agus OLAF;

Feidhmíocht bhuiséad an Aontais

[3]IO C, C/2023/103, 4.10.2023

37. ag tabhairt dá haire athimeascadh obair na Cúirte maidir le feidhmiú bhuiséad an Aontais ina Tuarascáil Bhliantúil; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an doimhneacht chéanna ag ábhar na caibidle gaolmhaire ná baol air ná mar a bhí i dtuarascáil bhliantúil na bliana roimhe sin maidir le feidhmíocht; á chur in iúl gur oth léi go háirithe nach bhfuil an nasc leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chomh follasach céanna ná baol air sa leagan amach atá ann faoi láthair; ag tabhairt dá haire go bhfuil obair na Cúirte ar fheidhmíocht, mar a áirítear ina Tuarascáil Bhliantúil 2022 í, go príomha chun achoimre a dhéanamh ar na torthaí ó Thuarascálacha Speisialta;

38. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt obair leantach ar chur chun feidhme 213 dá moltaí a rinneadh in 2019, agus go raibh 179 díobh dírithe chuig an gCoimisiún; ag tabhairt dá haire nach raibh ceithre cinn de na 179 moladh le cur chun feidhme fós faoin am a rinneadh an t-athbhreithniú leantach agus, as na 175 mholadh atá fágtha, go bhfuil 101 (58 %), 26 ar an mórchóir (15 %), 24 go pointe áirithe (13 %) curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an gCoimisiún, agus nach bhfuil 17 (10 %) díobh curtha chun feidhme aige ar chor ar bith, nach raibh an Chúirt in ann teacht ar an gconclúid i 7 gcás (4 %) nár ghlac an t-iniúchaí leo nó go raibh sé ró-luath chun measúnú a dhéanamh ar an gcur chun feidhme;

39. á mheas go dtugann forléargas ar thuarascálacha speisialta, a chuimsíonn an chuid is mó de chaibidil a trí de Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte, forléargas maith ar thuarascálacha arna dtíolacadh ag an gCúirt a bhaineann le réimsí straitéiseacha 2022 ach atá teoranta agus neamhiomlán ó thaobh ábhar na dtuarascálacha sin agus na bhfreagraí a sholáthair na hiniúchaithe; á mheas go bhfuil níos mó ná obair leantach ar mholtaí an iniúchóra ag teastáil chun anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, in ainneoin a luach doshéanta ó thaobh rialú buiséadach de; ag tabhairt dá haire an tsaincheist maidir le huainiú a bhaineann le foilsiú AMPR;

40. ag tabhairt dá haire go bhfoilsíonn an Coimisiún na ‘Ráitis ar Fheidhmíocht na gClár’, ar forléargas é ar fhaisnéis feidhmíochta clár bhuiséad an Aontais 2021-2027, agus ar ‘Tosaíochtaí Cothrománacha’, roinn maidir leis an gcaoi a ndéanann an Coimisiún rianú agus tuairisciú ar an méid a chaitear ar bhuiséadú glas, príomhshruthú comhionannais inscne, rianú digiteach agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe;

41. ag tabhairt dá haire athbhreithniú 06/2023 ón gCúirt ar AMPR 2022 an Choimisiúin do bhuiséad an Aontais agus a chonclúid gur lean Imleabhar I de AMPR 2022 treoir straitéiseach bhord bainistíochta corparáideach an Choimisiúin nuair a chuir sé na fíricí agus an méid a baineadh amach maidir le bainistiú buiséadach do 2022 i láthair, agus ag tabhairt dá haire go raibh deis ann cáilíocht na sonraí feidhmíochta a fheabhsú; ag tabhairt dá haire freagraí an Choimisiúin ar cheisteanna i scríbhinn maidir le hiniúchadh IAS ar cháilíocht sonraí agus an t-athdhearbhú ós rud é go bhfuiltear ag déileáil leis an tsaincheist a sainaithníodh;

42. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún faisnéis san áireamh ina AMPR maidir le buiséadú glas, rianú digiteach agus gné an chomhionannais inscne i mbuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur tháinig laghdú go 72 % ar líon na gclár nach eol an rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne ina leith; ag tacú le seasamh an Choimisiúin gur gá an figiúr sin a laghdú tuilleadh;

Ioncam

43. ag tabhairt dá haire go gcuimsíonn ioncam bhuiséad an Aontais acmhainní dílse, ioncam sannta seachtrach agus ioncam eile; ag tabhairt dá haire gurbh ionann an acmhainn dhílis bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) in 2022 agus EUR 103.9 billiún (42.3 %), arbh ionann ioncam sannta seachtrach agus EUR 62.2 billiún (25.4 %), arbh ionann acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) agus EUR 25.9 billiún (10.6 %), arbh ionann ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe agus cláir an Aontais agus EUR 20.9 billiún (8.5 %), arbh ionann acmhainn dhílis bunaithe ar cháin bhreisluacha (CBL) agus EUR 19.7 billiún (8.0 %), arbh ionann acmhainní dílse bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht agus EUR 6.3 billiún (2.6 %), agus gurbh ionann ioncam eile agus EUR 6.4 billiún (2.6 %);

44. ag tabhairt dá haire Tuarascáil Speisialta 25/2022 ón gCúirt maidir le hOllioncam Náisiúnta (OIN) a fhíorú chun buiséad an Aontais a mhaoiniú; á mheabhrú go bhfuil na sonraí OIN arna dtuairisciú ag na Ballstáit mar bhonn chun ranníocaíochtaí na mBallstát a ríomh agus á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil sé ríthábhachtach don Choimisiún feabhas a chur ar éifeachtúlacht an timthrialla fíorúcháin tar éis mholtaí na Cúirte; á chur in iúl gur geal léi conclúidí na Cúirte go raibh próiseas fíorúcháin na sonraí OIN a rinne Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) éifeachtach; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil plean gníomhaíochta ullmhaithe ag Eurostat chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí d’fhonn iad a chur chun feidhme tar éis thimthriall 2020-2024;

45. á chur in iúl gur geal léi conclúid na Cúirte ina Tuarascáil Bhliantúil do 2022 nach raibh an leibhéal earráide in idirbhearta ioncaim ábhartha agus go bhfuil na córais chun an t-ioncam a bhainistiú éifeachtach go ginearálta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na laigí a shainaithin an Chúirt i gcuntasaíocht agus i mbainistiú ADT i mBallstáit áirithe, agus i ngníomhaíocht an Aontais a rinneadh chun an bhearna chustaim a laghdú agus chun a áirithiú go mbeidh ADT iomlán; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit i ndáil leis sin;

46. ag tabhairt dá haire sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cosaint leasanna airgeadais an Aontais (Tuarascáil PIF) gur tháinig laghdú 6.8 % ar líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann le ADT (454) in 2022, agus gur tháinig méadú 9.4 % ar neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha (4207) i gcomparáid leis an meán 5 bliana do 2018-2022; ag tabhairt dá haire go mbaineann formhór na gcásanna calaoiseacha a tuairiscíodh in 2022 le luach mícheart agus le haicmiú mícheart nó míthuairisc ar earraí, agus go bhfuil smuigleáil fós ar cheann de na modus operandi príomha; ag tabhairt dá haire go mbraitear formhór na gcásanna calaoiseacha trí chigireachtaí ag seirbhísí frithchalaoise náisiúnta mar aon le rialuithe scaoilte custaim; ag tabhairt dá haire gurb é 48 % an ráta téarnaimh faoi láthair, cé gur féidir a bheith ag súil leis go dtiocfaidh méadú air amach anseo mar gheall ar fhad an phróisis;

47. ag tabhairt dá haire achoimre ar tharscaoileadh aisghabhálacha agus na méideanna a suíodh is infhaighte in Iarscríbhinn 9 de AMPR 2022; ag tabhairt dá haire gurbh ionann luach ginearálta iomlán na n-aisghabhálacha tarscaoilte agus EUR 40.4 milliún, méadú 28 % i gcomparáid le 2021 (EUR 31.4 milliún) agus á mheas gur caillteanas ioncaim é sin do bhuiséad an Aontais;

48. á chur in iúl gur geal léi na forbairtí as ar tháinig deireadh leis an bhforchoimeádas cainníochtaithe agus neamhchainníochtaithe araon i réimse na dteicstílí agus na mbróga a allmhairítear ón tSín; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur íoc an

Ríocht Aontaithe an méid iomlán atá dlite (íocaíocht deiridh EUR 1.57 billiún i mí Eanáir 2023) lena n-áirítear ús (EUR 1.4 billiún i mí Feabhra 2023); ag tabhairt dá haire go ndearna 26 Bhallstát íocaíochtaí sealadacha suntasacha sna méideanna a bhfuiltear ag súil leo a bheidh dlite do bhuiséad an Aontais agus, i gcomhréir le breithiúnas CBAE i gcás C-213/19, go gcuirfidh an Coimisiún an modh cainníochtaithe céanna i bhfeidhm do na Ballstáit sin agus don Ríocht Aontaithe, a mbeidh méideanna athríofa mar thoradh air, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin an cleachtadh a thabhairt chun críche go hiomlán;

Moltaí

49. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) seilbh a ghlacadh ar mholtaí Pharlaimint na hEorpa ina rúin maidir le hacmhainní dílse chun acmhainní a áirithiú chun na hinfheistíochtaí a rinneadh faoi NGEU a aisíoc;
    (ii) úsáid a bhaint as na modhanna uile atá ar fáil chun comhar a spreagadh idir seirbhísí frithchalaoise agus gníomhaireachtaí custaim chun calaois a dhéanann difear d'ioncam an Aontais a bhrath, a chosc agus a cheartú;
    (iii) an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi thorthaí an athbhreithnithe ar na hacmhainní dílse a bailíodh;
    (iv) scrúdú cúramach a dhéanamh ar na difríochtaí sna rátaí téarnaimh sna Ballstáit d'fhonn laigí sonracha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint;

An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach

50. ag tabhairt dá haire gur EUR 25.2 billiún (12.9 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal CAI 1 'An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha' a dáileadh mar seo a leanas: EUR 15.8 billiún (62.8 %) le haghaidh Taighde, EUR 3.5 billiún (14.0 %) don Iompar, Fuinneamh agus Digiteach, EUR 2.7 billiún (10.6 %) don Chlár InvestEU, EUR 2 bhilliún (8.0 %) don Spás, agus EUR 1.2 billiún (4.6 %) do réimsí eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022 gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 21 845.08 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.99 % díobh (EUR 21 842.58 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 20 605.64 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.35 % díobh (EUR 20 4710.31 milliún);

Nuálaíocht agus taighde

51. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá cláir chistiúcháin T & N an Aontais d'fhorbairt eolaíoch, shochaíoch agus theicneolaíoch/eacnamaíoch an Aontais, chun neamhionannais a laghdú, don téarnamh, don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus don ghá atá ann spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú; á mheabhrú gurb é Fís Eorpach an clár taighde agus nuálaíochta is suntasaí san Eoraip, a bhfuil buiséad iomlán EUR 95.5 billiún aige, lena n-áirítear EUR 5.4 billiún ó ionstraim NGEU; ag tabhairt dá haire go bhfuil thart ar EUR 48 mbilliún in infheistíochtaí leithdháilte ag STA ar T&N;

52. ag tabhairt dá haire gur glacadh bunúis dlí Fís Eorpach go déanach in 2021 agus á chur in iúl gur geal léi gur éirigh leis an gCoimisiún beagnach 100 % de chur chun feidhme

an bhuiséid a bhaint amach in 2021 agus 2022; ag tabhairt dá haire gurbh é 5 509 líon na gcomhaontuithe deontais a síníodh faoi dheireadh 2022; ag tabhairt dá haire, in ainneoin gur tháinig méadú ar mheánráta rathúlachta na dtograí ó 11.9 % in Fís 2020 go 15.9 % in Fís Eorpach, nach féidir 7 as 10 dtogra ardcháilíochta a chistiú go fóill agus go mbeadh gá le EUR 34.3 billiún breise chun na tograí sin a chistiú;

53. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt 127 n-idirbheart lena gcumhdaítear raon iomlán an chaiteachais faoin gceannteideal CAI sin, go háirithe an clár Fís 2020, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), ionstraimí airgeadais agus an clár spáis, lena n-áirítear an fhaisnéis rialtachta sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (AS RTD) agus ó Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (AS DEFIS);

54. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar ‘An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach’ in 2022 ábhartha ag 2.7 %; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gur laghdú suntasach é sin i gcomparáid le 4.4 % in 2021; ag tabhairt dá haire an bharúil ón gCúirt, gurb é an caiteachas a bhaineann le taighde agus nuálaíocht is mó a raibh earráid ag gabháil leis, go háirithe i réimse na gcostas pearsanra; á thabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún ráta earráide de 1.5 % a ríomh don cheannteideal sin;

55. ag tabhairt dá haire gurb ionann earráidí inchainníochtaithe a bhaineann le costais neamh-incháilithe agus 98 % de leibhéal measta earráide na Cúirte in 2022; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil na rialacha maidir le costais phearsanra a dhearbhú faoi Fís 2020 fós casta agus go bhfuil a ríomh fós ina bhfoinse shuntasach earráide (67 % den leibhéal measta earráide in 2022); ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Coimisiún agus go gcuireann sé chun cinn úsáid ‘Draoi na gCostas Pearsanta’ chun cabhrú le tairbhithe a gcostais phearsanra a dhearbhú i gceart;

56. ag tabhairt dá haire go leanann Fís 2020 de bheith ag déanamh ionadaíocht ar fhormhór mór na dtionscadal i sampla na Cúirte, agus nach bhfuil ann ach tionscadal amháin de chuid Fís Eorpach i sampla 2022; á chur i bhfáth, de réir na Cúirte, go bhfuil an t-ualach riaracháin do thairbhithe laghdaithe le simpliúcháin áirithe, go háirithe ráta comhréidh a thabhairt isteach do chostais indíreacha, agus d’fhéadfaidís sin an riosca earráide a laghdú;

57. ag tabhairt dá haire na barúlacha a thug Ard-Stiúrthóir an Taighde agus na Nuálaíochta ina éisteacht urscaoilte go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún eisíocaíocht chistí Fís Eorpach a mhéadú trí chnapshuimeanna ó 2 % in 2022 go 50 % in 2027; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, athbhreithniú sonrach na Cúirte ar nósanna imeachta agus treoir an Choimisiúin maidir le deontais chnapshuime arna gcistiú i dtaighde; ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún go bhfuil leibhéal an ghrinnscrúdaithe níos airde ó thaobh na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta de sa mheastóireacht ar thograí cnapshuime;

58. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil phríobháideach maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna nuálaíochta san Aontas agus maidir le hiomaíochas agus fás an Aontais a fheabhsú; á chreidiúint, go háirithe, go bhfuil sé ríthábhachtach rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) i gcláir chistiúcháin T&N an Aontais a chur chun cinn agus a éascú a mhéid is féidir; ag tabhairt dá haire conclúid na

Cúirte go bhfuil baol níos mó earráidí ag baint le FBManna agus le daoine nua ná le tairbhithe eile agus á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun tacú leo go sonrach, mar shampla trí fheachtais faisnéise, teagmhálacha le córas na bPointí Teagmhála Náisiúnta agus deasc chabhrach thiomnaithe na Seirbhíse Fiosrúcháin Taighde;

59. ag tabhairt dá haire gur tugadh Measúnú Riosca Calaoise don Teaghlach T&N cothrom le dáta in 2022 mar obair roimh nuashonrú 2023 ar an gComhstraitéis Frith-Chalaoise; ag tabhairt dá haire gur dréachtaíodh agus gur glacadh in 2022 'Treoraíocht maidir le seiceálacha frithchalaoise ex-ante ar Fís Eorpach', atá mar chuid de straitéis rialaithe ex-ante Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire gurb é an príomhfhóram de Theaghlach T&N maidir le cúrsaí frithchalaoise an coiste atá freagrach as Calaois agus Neamhrialtachtaí sa Taighde (Coiste FAIR)), a tháinig le chéile dhá uair in 2022; ag tabhairt dá haire go ndearna AS RTD a Straitéis Frithchalaoise a nuashonrú freisin in 2022;

60. á mheabhrú go bhfuil cothú, mealladh agus coinneáil tallann ar cheann de na cúig thionscnamh shuaitheanta lena gcuimsítear an Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht (NEIA), a glacadh an 5 Iúil 2022; ag tabhairt dá haire na ráitis ón gCoimisinéir Ivanova ina héisteacht urscaoilte maidir leis na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun cuimsitheacht a mhéadú in Fís 2020 agus in Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire gur aithin an Coimisinéir go bhfuil gá le hiarrachtaí breise chun rannpháirtíocht na mban agus na ndaoine óga i gcláir T&N an Aontais a mhéadú; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis sin, na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun na forálacha maidir le pleananna comhionannais inscne sa chlár Fís Eorpach a chur chun feidhme, agus an iarracht chomhpháirteach RTD-EAC chun tallann na mban a mhealladh chuig ETIM; á chur in iúl gur geal léi, sa bhreis ar thionscnaimh eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh tacú le mná sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht agus iad a chumhachtú, gur sheol an Coimisiún an dara heagrán de ghlao Women TechEU in 2022 le buiséad méadaithe EUR 10 milliún, a mheall an líon is mó riamh spéise le 467 n-iarratas ó 35 Bhallstát agus ó Thíortha Comhlachaithe Fís Eorpach;

61. á chur in iúl gur geal léi ról ERC maidir le tacaíocht a thabhairt do na taighdeoirí is fearr san Eoraip, rud a gcuirtear béim air sna gradaim iomadúla, lena n-áirítear 14 Dhuais Nobel, 6 Bhonn Fields agus 11 Dhuais Wolf; á chur in iúl gur geal léi an 2300 iarratas ar phaitinní agus 400 seachchuideachta a gineadh a bhuí le tionscadail ERC;

62. ag tabhairt dá haire na héagothromaíochtaí i bhforbairt T&N laistigh den Aontas agus á chur in iúl gur geal léi na bearta éagsúla a ghlac an Coimisiún chun borradh a chur faoi infheistíochtaí T&N na mBallstát, go háirithe tíortha T&N nach bhfuil chomh feidhmíochta céanna, lena n-áirítear thart ar EUR 48 mbilliún ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, mar aon le EUR 43 bhilliún ón mBeartas Comhtháthaithe agus EUR 3 bhilliún ón gcomhpháirt 'Rannpháirtíocht a ardú agus barr feabhais a scaipeadh' de chuid Fís Eorpach; ag tabhairt dá haire, in ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin an cistiú a leithdháiltear ar thaighdeoirí i dtíortha leathnaithe a mhéadú, nach bhfuil dul chun cinn á léiriú go fóill ag roinnt 'tíortha atá ar gcúl';

63. ag tabhairt dá haire, tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, gur chuir an Coimisiún stop le rannpháirtíocht eintiteas poiblí na Rúise i dtionscadail leanúnacha Fís 2020 agus i dtionscadail Fís Eorpach a bheidh ann amach anseo; ag tabhairt dá haire gur áiríodh sa leasú is déanaí ar 'phríomhchlár' Fís Eorpach 2021-2022, a glacadh an

10 Bealtaine 2022, gníomhaíochtaí chun tacú le taighdeoirí a bhí gníomhach roimhe seo san Úcráin; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún tacaíocht airgeadais i bhfoirm deontais EUR 1.5 milliún ar fáil d'Fhondúireacht Náisiúnta Taighde na hÚcráine chun Oifig Fís Eorpach a bhunú san Úcráin (Cív), a chuirfidh deiseanna cistiúcháin chun cinn agus a thabharfaidh tacaíocht maidir le tograí a dhréachtú agus comhpháirtithe a aimsiú san Eoraip;

Fuinneamh

64. ag tabhairt dá haire castacht an chreata beartais fuinnimh san Aontas agus á chur i bhfáth go bhfuil idirnascacht níos fearr a áirithiú i gcroílár mhargadh fuinnimh an Aontais; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Rialachán nua maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, Rialachán (AE) 2022/869 ('Rialachán GTE-F')[4]; á mheas go bhfuil creat dlíthiúil láidir curtha ar fáil ag an Aontas, trí GTE-F, SCE agus STA/Plean RePowerEU, le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh, lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le dícharbónú agus lena laghdaítear an spleáchas ar allmhairiú breosla iontaise; ag tabhairt dá haire na hiarrachtaí a rinneadh chun comhordú a dhéanamh ar thógáil bonneagair leictreachais ardtosaíochta ar fud na mBallstát, digitiú a dhéanamh ar chóras fuinnimh an Aontais, agus an infheistíocht san eangach a spreagadh leis an timpeallacht cheart rialtachta, go háirithe trí Fhuinneamh SCE;

65. ag tabhairt dá haire, san iomlán, gur chuir Fuinneamh 1 agus 2 (2014-2023) SCE EUR 6.3 billiún de thacaíocht ar fáil do thionscadail fuinnimh (EUR 5.8 billiún oibreacha, staidéir EUR 0.5 billiún) do bhreis agus 117 Tionscadal Leasa Choitinn (PCInna) agus faoi dheireadh 2022, cuireadh 107 ngníomhaíocht a fuair tacaíocht ó Fhuinneamh SCE-1 i gcrích;

Moltaí

66. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (i) leanúint de rialacha agus nósanna imeachta simplithe, bearta digitithe agus roghanna costais simplithe (SCOnna) a chur i bhfeidhm agus, ag an am céanna, aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar an riosca neamhrialtachtaí agus calaoise agus ar na costais a bhaineann le rialuithe;
    (ii) leanúint d'úsáid 'Draoi na gCostas Pearsanra' a chur chun cinn do thairbhithe, go háirithe daoine nua agus FBManna, chun an leibhéal earráide a bhaineann le costais phearsanra a laghdú;
    (iii) leanúint dá iarrachtaí clár taighde níos cuimsithí de chuid an Aontais a bhaint amach trí thacaíocht a thabhairt, spriocanna soiléire a leagan síos agus cláir thaighde speisialta a eagrú do spriocghrúpaí faoi ghannionadaíocht, amhail mná agus daoine óga, agus é ag iarraidh freisin dáileadh geografach cothrom a bhaint amach ar fud an Aontais;
    (iv) na Ballstáit a spreagadh agus tacú leo, go háirithe 'tíortha atá ar gcúl', chun leas iomlán a bhaint as na sineirgí idir cistí an Aontais atá ar fáil, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus na Cistí Comhtháthaithe, chun líon

[4] IO L 152, 3.6.2022, lgh. 45-102.

na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sna tíortha sin a mhéadú; agus

(v) leanúint den chistiú chun Aontas Fuinnimh comhtháite, nuálach agus athléimneach a chruthú lena gcuirfear fuinneamh slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne chun cinn do chách, go háirithe FBManna agus tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí atá bocht ó thaobh fuinnimh de, agus dlús á chur ag an am céanna le haistriú fuinnimh glan agus cóir na hEorpa chun go mbeidh sí ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050;

Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna

67. ag tabhairt dá haire gur EUR 79.1 billiún (40.4 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal CAI 2 ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’ a dáileadh mar seo a leanas: 53.6 % do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus oibríochtaí réigiúnacha eile, 23.6 % do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), 12.6 % don Chiste Comhtháthaithe (CC), 4.4 % do Erasmus+, 2.3 % do SCE Iompar, 0.6 % do SIE agus 2.9 % do réimsí eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 67 805.19 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 98.29 % díobh (EUR 66 644.24 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 63 104.31 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.86 % díobh (EUR 63 054.76 milliún);

68. ag tabhairt dá haire gur leanadh de chur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe faoi chlárthréimhse 2014-2020 in 2022, agus don tréimhse 2021-2027, gur thug an Coimisiún an chaibidlíocht maidir leis na cláir uile i gcrích agus nach ndearna sé ach réamhíocaíochtaí, arbh ionann iad agus EUR 6.5 billiún;

69. ag tabhairt dá haire gur shroich an ráta ionsúcháin do chistí an bheartais chomhtháthaithe faoi chlárthréimhse 2014-2020, 79.2 % ag deireadh 2022 (86 % ag deireadh 2023, lena n-áirítear cúnamh téarnaimh nua do chomhtháthú agus do chríocha na hEorpa (REACT-EU) in 2021-2022), ar ráta é a bhfuil leibhéal comhchosúil aige ag an bpointe céanna ama agus a bhí sa tréimhse 2007-2013; ag tabhairt dá haire gurb ionann cláir 2014-2020 agus breis agus 1 mhilliún tionscadal agus go bhfuil tacaíocht tugtha acu go dtí seo do 2.4 milliún gnólacht, gur cruthaíodh 370 000 post nua, gur mhéadaigh siad feidhmíocht fuinnimh níos mó ná 540 000 teaghlach, gur cruthaíodh 6000 meigeavata d’fhoinsí nua fuinnimh in-athnuaite agus gur bhain 6.3 milliún teaghlach tairbhe as leathanbhanda;

70. ag tabhairt dá haire thairis sin, in 2022, go ndearna Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) agus an Tacaíocht Sholúbtha do Chríocha (FAST-CARE) breis agus EUR 1,3 billiún a shlógadh chun cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin tacú leis na milliúin dídeanaithe ón Úcráin a bhí ag lorg dídine ar chríoch an Aontais, lena n-áirítear cláir phríomhshrutha um lánpháirtiú sóisialta, cúram sláinte, bia nó cúnamh riachtanach, agus treoshuíomh don mhargadh saothair; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil na bearta atá beartaithe faoi réir na n-oibleagáidí céanna maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe leormhaithe agus bainistíocht fhónta airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe;

71. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 260 idirbheart lena gcumhdaítear

raon iomlán an chaiteachais faoi Cheannteideal 2 de CAI; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh leibhéal foriomlán earráide measta na Cúirte maidir le ‘Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna’ in 2022 ag 6.4 %, rud atá os cionn na tairsí ábharthachta; ag tarraingt aird ar an méadú suntasach ar an leibhéal foriomlán earráide a mheas an Chúirt in 2022 i gcomparáid le blianta roimhe sin (3.6 % in 2021, 3.5 % in 2020) agus measann an Coimisiún go mbeidh an riosca íocaíochta do 2022 idir 1.9 % agus 2.7 %, agus é fós cobhsaí i gcomparáid leis na blianta roimhe sin (1.9 %-2.5 % in 2021, 2.1 %-2.6 % in 2020);

72. ag tabhairt dá haire barúil na Cúirte agus deireadh na tréimhse incháilitheachta do chláir 2014-2020 (31 Nollaig 2023) ag druidim linn go raibh brú ionsúcháin breise agus go bhféadfadh sé gur laghdaíodh éifeachtacht na seiceálacha agus na bhfíoruithe ag údaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta le linn thréimhse COVID-19, rud a d’fhéadfadh an baol earráidí agus neamhrialtachtaí gan bhrath a mhéadú; ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh ról a bheith ag an staid shonrach agus na solúbthachtaí a tugadh le linn COVID-19 i mbaol neamhrialtachtaí mar gheall ar an ngá le bealaí malartacha (cianda) a aimsiú chun caiteachas a rialú; á chur i bhfáth, áfach, de réir an Choimisiúin, go bhfuil na rioscaí agus na neamhrialtachtaí arna sainaithint nasctha le cineál na ngníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme le linn thréimhse COVID-19 nó le cur chun feidhme nó tuiscint ar an tsolúbthacht a tugadh isteach i rialacha soláthair phoiblí;

73. ag tabhairt dá haire mínithe na Cúirte go dtagraíonn a ráta earráide don sciar den chaiteachas a dearbhaíodh, a measann sí nár comhlíonadh go hiomlán na coinníollacha íocaíochta a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (‘an Rialachán Airgeadais’)[5] , Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus i dTreoir (AE) 2017/1371 maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (‘Treoir PIF’)[6], rud a d’fhág tionchar airgeadais díreach agus intomhaiste ar an méid íocaíochta a údaraíodh ag an am ó bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire soiléiriú na Cúirte nár cheart a thuiscint go bhfuil an ráta earráide coibhéiseach le méid féideartha na gceartúchán airgeadais is féidir leis an gCoimisiún a fhorchur i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme;

74. ag tabhairt dá haire, sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí, go dtuairiscíonn an Coimisiún rátaí earráide, do gach clár agus ar an bhforiomlán do na cistí, ina ndéantar tagairt dhocht do neamhrialtachtaí as a n-eascraíonn ceartuithe airgeadais; ag tabhairt dá haire, chun ceartuithe airgeadais a fhorchur, gur gá don Choimisiún teacht ar an gconclúid gur tharla neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 2(36) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, cé nach mbíonn caiteachas neamh-incháilithe mar thoradh ar na sáruithe foirmiúla agus earráidí uile a chuir an Chúirt san áireamh mar earráidí inchainníochtaithe ina ráta earráide measta toisc nach gcáilíonn siad mar neamhrialtacht mar a shainmhínítear in Airteagal 2(36) de Rialachán na bhForálacha Coiteanna;

75. á chur in iúl gur díol sásaimh di go nglacann an Coimisiún le moltaí uile na Cúirte agus lena thiomantas na rialacha is infheidhme agus an obair iniúchóireachta is gá a shoiléiriú leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear i ndlúthchomhar leis an gCúirt, chun na héagsúlachtaí sin a theorannú i measúnuithe amach anseo agus i gcainníochtú

[5] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1
[6] IO L 198, 28.7.2017, lgh. 29-41

earráidí; á mholadh don dá institiúid, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, tuilleadh oibre a dhéanamh chun éagsúlachtaí a laghdú chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun a áirithiú nach mbeidh ualach riaracháin iomarcach ar thairbhithe mar thoradh ar iniúchtaí agus, ar an gcaoi sin, go mbainfear amach cuspóirí beartais ar an láthair;

76. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt méadú ar na cineálacha sonracha earráidí, amhail costais agus tionscadail neamh-incháilithe agus sáruithe ar rialacha an mhargaidh inmheánaigh, lena n-áirítear soláthar poiblí agus rialacha maidir le státchabhair, arb iad na catagóirí céanna neamhrialtachtaí arna sainaithint ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis iniúchóireachta bunaithe ar a dtíopeolaíocht choiteann; ag tabhairt dá haire go mbaineann 3 % de ráta measta earráidí 6.4 % na Cúirte faoi Cheannteideal 2 le tosaíochtaí cómhaoinithe 100 % faoin Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII+) lenar ceadaíodh caiteachas níos solúbtha; ag tabhairt dá haire nár aimsigh an Coimisiún fianaise iniúchóireachta maidir le tionchar suntasach foriomlán na gcineálacha nua beart agus solúbthachtaí a tugadh isteach ar rátaí earráide na gclár agus ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún bearta chun an riosca sin a chosc;

77. ag tabhairt dá haire, i gcás CFRE agus CC, gur chuir an Coimisiún ceartuithe airgeadais agus aistarraingtí dar luach EUR 11 bhilliún chun feidhme le linn na clárthréimhse, lena n-áirítear EUR 2.4 billiún don bhliain chuntasaíochta 2021-2022; ag tabhairt dá haire thairis sin go leanann an Coimisiún de chur chun feidhme a ‘phlean gníomhaíochta spriocdhírithe maidir le soláthar poiblí’ i gcomhar leis na Ballstáit;

78. ag tabhairt dá haire gur luaigh an Chúirt go bhféadfadh an forluí idir clárthréimhsí, mar aon le hinfhaighteacht ionstraimí cistiúcháin breise faoi NGEU (REACT-EU agus STA), le saolré níos teoranta, brú a chur ar acmhainneacht riaracháin na mBallstát sa chlárthréimhse agus ag tús chur chun feidhme a gclár comhtháthaithe 2021-2027; ag tabhairt dá haire go raibh ar na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha a bhfócas a aistriú in 2022 ar chláir bheartais chomhtháthaithe 2014-2020 a athchlárú, lena n-áirítear bearta arna gcistiú faoi CRII(+), REACT-EU, Tacaíocht Sholúbtha do Chríocha (FAST-CARE) a thabhairt isteach agus Tacú le Fuinneamh Inacmhainne (SAFE), chomh maith leis na pleananna náisiúnta a chur chun feidhme faoi STA, chun aghaidh a thabhairt ar bhearta éagsúla géarchéime, téarnaimh agus tarrthála; ag tabhairt dá haire go gcuireann Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh (AS REGIO) tacaíocht ar fáil do na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha chun cur chun feidhme iomlán chláir 2014-2020 a áirithiú;

79. ag tabhairt dá haire go bhfuil comhlántacht ina saintréith den ghaol idir cistí an bheartais comhtháthaithe agus ionstraimí cistiúcháin eile an Aontais; á mheabhrú go bhfuil cistí an bheartais chomhtháthaithe agus STA éagsúil ó thaobh cuspóirí ginearálta, amlíne, modh bainistíochta agus maoiniú de, ach á thabhairt chun suntais gur féidir agus go bhfuiltear ag súil leis an gcomhlántacht eatarthu, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna faoi dhó;

80. ag tabhairt dá haire go bhfuil dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an staid, go háirithe nuair a bhíonn údaráis náisiúnta chomhordúcháin STA mar an gcéanna le cistí an bheartais chomhtháthaithe, agus gur áitigh sé go mbeadh acmhainneacht riaracháin bhreise leordhóthanach agus acmhainní daonna leordhóthanacha á

leithdháileadh ar na sraitheanna éagsúla de chistiú an Aontais;

81. á chur in iúl gur geal léi nach sainaithníonn an Chúirt ná an Coimisiún aon chás inar íoc cistí STA as comhchistiú éigeantach náisiúnta ar thionscadal comhtháthaithe in eisíocaíochtaí STA 2022;

82. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go bhfuil teorainneacha bunúsacha ag baint le hathbhreithnithe doiciméad agus iniúchtaí comhlíontachta an Choimisiúin ó thaobh bailíocht na rátaí earráidí iomlána iarmharacha arna dtuairisciú ag na húdaráis iniúchóireachta a dheimhniú; ag tabhairt dá haire an freagra ón gCoimisiún go gcuireann a mheasúnú, bunaithe ar mheascán d'obair iniúchóireachta deisce agus ar an láthair lena gcumhdaítear na cláir aonair agus na pacáistí dearbhaithe éagsúla, ar a chumas meastachán réasúnta agus cothrom a bhunú ar na rátaí earráide do gach clár, gach bliain, agus go carnach do chistí an bheartais chomhtháthaithe;

83. ag tabhairt dá haire gur ann do chinneadh na Cúirte gur shroich cion na bpacáistí dearbhaithe ag a bhfuil rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 % buaic de 61 % den chaiteachas i sampla na Cúirte in 2022 i gcomparáid le 39 % sa bhliain roimhe sin, rud a léiríonn na heasnaimh leanúnacha in obair na n-údarás iniúchóireachta; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, go léirítear le torthaí iniúchóireachta na Cúirte le sé bliana anuas nach ndéantar an t-ardriosca bunúsach earráide sa chomhtháthú a fhritháireamh go leordhóthanach leis na rialuithe atá i bhfeidhm faoi láthair, agus nach ndéanann na húdaráis bhainistíochta neamhrialtachtaí sa chaiteachas arna dhearbhú ag tairbhithe a chosc nó a bhrath go héifeachtach i gcónaí; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur laigí suntasacha iad na hearráidí a d'aimsigh an Chúirt in obair na n-údarás iniúchóireachta maidir le hincháilitheacht caiteachas agus tionscadal a fhíorú, agus maidir le comhlíonadh rialacha an mhargaidh inmheánaigh; ag tabhairt dá haire go bhfuil cuid de na rátaí earráidí iarmharacha arna n-athríomh ag an gCúirt os cionn 2 % sna pacáistí dearbhaithe iniúchta inchurtha i leith na n-éagsúlachtaí thuasluaite;

84. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na heasnaimh leanúnacha a thug an Chúirt faoi deara sna hiniúchtaí náisiúnta, ar féidir leo a bheith mar thoradh ar raon feidhme neamhleor, doiciméadacht dhoiléir iniúchtaí agus scagadh samplach arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta iniúchóireachta, chomh maith le saincheisteanna acmhainní, lena n-áirítear cistiú neamhleor agus easpa lucht saothair oilte laistigh d'údaráis iniúchóireachta náisiúnta; ag tabhairt dá haire go measann an Coimisiún go bhfuil obair fhormhór na n-údarás iniúchóireachta iontaofa agus nach gá ach do 7 as 81 údarás iniúchóireachta feabhsuithe suntasacha a dhéanamh;

85. ag tabhairt dá haire cinneadh na Cúirte, mar bhealach chun caiteachas a shimpliú, gur bhain tairbhithe chistiú an bheartais chomhtháthaithe úsáid as SCOnna le haghaidh 77 n-idirbheart, nó 30 % dá sampla, agus rátaí comhréidhe, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid nó meascán den dá rud a chur i bhfeidhm; á chur i bhfáth go bhfuil SCOnna ar cheann de na bearta is tábhachtaí chun costais agus ualaí riaracháin a laghdú do na tairbhithe agus, dá bhrí sin, chun rochtain tairbhithe beaga ar an gcistiú a éascú agus chun díriú níos mó ar bhaint amach na gcuspóirí agus an ráta earráide á laghdú ag an am céanna;

86. ag tabhairt dá haire, le haghaidh chláir 2021-2027, gur mhol an Coimisiún d'údaráis na gclár úsáid a bhaint as na bearta simpliúcháin dá bhforáiltear faoi CPR, go háirithe úsáid

scéimeanna SCOnna agus maoinithe nach bhfuil nasctha le costais (FNLC) chun dul i ngleic le saincheisteanna incháilitheachta, fioruithe bainistíochta a éascú agus an t-ualach ar thairbhithe a rialú; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar an iarracht sin, i gcás CFRE agus CC, mar shampla, gur glacadh 120 scéim SCO ar leibhéal an chláir go dtí seo in 11 Bhallstát agus i gcás chláir Interreg (EUR 5.7 billiún den ranníocaíocht iomlán) chomh maith le 4 scéim FNLC i 4 Bhallstát (le haghaidh EUR 1.2 billiún den ranníocaíocht iomlán);

87. á mheabhrú nach mór do na Ballstáit coinníollacha cumasúcháin cothrománacha nó téamacha áirithe de CPR a chomhlíonadh don tréimhse 2021-2027, ar coinníollacha réamhriachtanais iad chun cuspóirí sonracha na gcistí a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil; á mheabhrú, nuair nach gcomhlíontar coinníollacha cumasúcháin tráth a chuirtear iarratas ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin don chuspóir sonrach lena mbaineann, nach n-aisíocfar an caiteachas gaolmhar ó bhuiséad an Aontais go dtí go mbeidh an Coimisiún sásta gur comhlíonadh an coinníoll cumasúcháin;

88. ag tabhairt dá haire ón Tuarascáil Bhliantúil maidir le Cosaint leasanna airgeadais an Aontais don bhliain 2022 (Tuarascáil PIF)[7] gur tháinig méadú 4.2 % ar líon na neamhrialtachtaí calaoiseacha a bhaineann leis an mBeartas Comhtháthaithe ó 2021 go 2022, agus gur tháinig méadú 10.2 % ar neamhrialtachtaí neamhchalaoiseacha; ag tabhairt dá haire gur iarr an Coimisiún ar na húdaráis iniúchóireachta aird ar leith a thabhairt ar rioscaí nua a bhaineann le hiolrú Cistí agus cistiú breise faoi NGEU, go háirithe, ‘cistiú dúbailte’, coinbhleachtaí leasa, calaois nó éilliú; ag tabhairt dá haire na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun úsáid uirlis scórála riosca ARACHNE a chur chun cinn do na Ballstáit a bhfuil drogall orthu, agus feabhsuithe ar an uirlis a thabhairt isteach; á thabhairt dá haire gur thug na húdaráis iniúchóireachta aghaidh go sainráite ar an riosca calaoise i gcás 65 % de na hoibríochtaí faoi iniúchóireacht i dtréimhse 2014-2020, ar fheabhsú é ar an 38 % a d'aimsigh an Chúirt in 2021;

Moltaí

89. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) leanúint dá comhar leis an gCúirt chun inchomparáideacht fhéideartha thorthaí a rátaí earráide measta a lorg, chomh maith le léirmhíniú na dtéacsanna dlí a ailíniú;

(ii) aird ar leith a thabhairt ina cuid iniúchtaí ar na rioscaí a bhaineann leis na solúbthachtaí a tugadh isteach le leasuithe CRII/CRII+;

(iii) leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i bhfianaise chríochnú na clárthréimhse 2014-2020 agus i bhfianaise chur chun feidhme na clárthréimhse reatha, go háirithe trí thacú le fothú acmhainneachta riaracháin;

(iv) leanúint dá ‘phlean gníomhaíochta maidir le soláthar poiblí’ spriocdhírithe a chur chun feidhme i gcomhar leis na Ballstáit chun cabhrú le húdaráis chláir agus le húdaráis chonarthacha a gcleachtais a fheabhsú i réimse an tsoláthair phoiblí, lena n-áirítear conas na hearráidí is coitianta sa soláthar poiblí a bhaineann le bainistiú Chistí SIE a sheachaint, chomh maith le seisiúin oiliúna spriocdhírithe d’oifigigh na mBallstát;

[7] COM(2023) 464 final

(v) simpliú a fheabhsú tuilleadh i gcur chun feidhme na gclár comhtháthaithe agus oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun dea-chleachtais a shainaithint maidir le digitiú cleachtas agus nósanna imeachta;

(vi) oibriú, chun glacadh rathúil le SCOnna a bhaint amach, i gcomhthráth leis na geallsealbhóirí uile, ar chomhchuibhiú modheolaíochta agus dearbhaithe ionas go mbeidh intuarthacht leordhóthanach ann do na tairbhithe maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go gcuirfear na roghanna sin chun feidhme; agus a áirithiú nach mbeidh tuilleadh maorlathaithe ar chur chun feidhme agus ualach iniúchóireachta neamhriachtanach ar thairbhithe mar thoradh ar iniúchtaí;

(vii) oibriú i gcomhar le húdaráis iniúchóireachta na mBallstát, chun a áirithiú go mbeidh an riosca sonrach a bhaineann le cistiú dúbailte, go háirithe le maoiniú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RFF), cumhdaithe go maith ag rialuithe agus iniúchtaí náisiúnta; á áitiú go ndéanfadh an Coimisiún iniúchtaí téamacha nó iniúchtaí comhlíontachta, atá saincheaptha díriú ar réimsí ardriosca agus ar na Ballstáit; agus

(viii) sásra cuimsitheach a bhunú chun cistí comhtháthaithe a úsáid i gcás imthosca eisceachtúla nó imthosca gan choinne, agus úsáid á baint as forálacha treoracha maidir lena raon feidhme, a infhaighteacht, a rialachas, a iniúchadh agus a rialú agus a chur i bhfeidhm;

Acmhainní nádúrtha

90. ag tabhairt dá haire gur EUR 58.1 billiún (29.7 % de bhuiséad an Aontais) a dáileadh mar seo a leanas a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal 3 CAI ‘Acmhainní nádúrtha’: 65.9 % le haghaidh íocaíochtaí díreacha faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), 26.2 % don Chiste Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), 4.7 % do chaiteachas a bhaineann leis an margadh faoi CERT, 1.8 % do Ghnóthaí Muirí agus Iascaigh, 0.9 % don Chomhshaol agus don Aeráid (LIFE), agus 0.5 % do limistéir eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, faoi cheannteideal CAI 3 ‘Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol’ gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 56 681.11 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 98.92 % díobh (EUR 56 069.86 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 55 781.71 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 98.95 % díobh (EUR 55 197.56 milliún);

91. ag tabhairt dá haire gurb é 2022 an dara bliain agus an bhliain dheireanach den idirthréimhse ina bhféadfadh na Ballstáit cistí ó leithdháileadh buiséid an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) 2021-2027 agus EUR 8 mbilliún breise d’ioncam sannta seachtrach ó chistí NextGenerationEU don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a úsáid le haghaidh íocaíochtaí leanúnacha le feirmeoirí agus le tairbhithe eile CBT in oirchill theacht i bhfeidhm CBT nua an 1 Eanáir 2023;

92. ag tabhairt dá haire, sa bhliain airgeadais 2022, go raibh níos mó ná 5.9 milliún tairbhí de scéimeanna tacaíochta dírí, thart ar 3.5 milliún tairbhí de bhearta forbartha tuaithe agus thart ar 0.11 milliún tairbhí de bhearta margaidh; á chur i bhfáth gur lean athléimneacht fheirmeoirí agus chóras bia an Aontais de shlándáil bia a áirithiú san Aontas agus níos faide i gcéin, d’ainneoin na ndúshlán a bhí rompu in 2022;

93. ag tabhairt dá haire gur spreag cogadh foghach gan chúis na Rúise i gcoinne na

hÚcráine, i measc gníomhaíochtaí eile, gníomhachtú an chúlchiste géarchéime i bhfoirm pacáiste tacaíochta arbh ionann é agus EUR 500 milliún, as ar cuireadh EUR 350 milliún ar fáil do tháirgeoirí a ndearnadh difear dóibh ón gcúlchiste agus EUR 150 milliún eile ó CERT; á chur in iúl gur geal léi an ráta ard forghníomhaithe (os cionn EUR 492 mhilliún) agus an cur chun feidhme tapa; ag tabhairt dá haire gur tugadh solúbthacht do na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na hearnálacha is mó a bhí thíos leis an suaitheadh sa mhargadh agus maidir leis na cineálacha scéimeanna cabhrach, lenar cinneadh an córas rialaithe a cuireadh i bhfeidhm;

94. ag tabhairt dá haire go bhfuil scrúdú déanta ag an gCúirt ar shampla ina raibh 218 idirbheart a chlúdaíonn an raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal seo de CAI; ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt freisin an fhaisnéis rialtachta a thugtar sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ón Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI) agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA), chomh maith le córais roghnaithe in 17 mBallstát agus sa Ríocht Aontaithe; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt gurb é 2.2 % (1.8 % in 2022) an leibhéal earráide le haghaidh ‘Acmhainní Nádúrtha’ agus go ndearna tromlach na n-earráidí difear d’idirbhearta forbartha tuaithe; ag tabhairt dá haire go measann AS AGRI go bhfuil riosca 1.76 % ann tráth na híocaíochta;

95. ag tabhairt dá haire gur d’aimsigh an Chúirt 21 earráid inchainníochtaithe i bhforbairt tuaithe, 7 gcinn in íocaíochtaí díreacha, 2 cheann i gcaiteachas a bhaineann le bearta margaidh agus 2 cheann i gcaiteachas neamh-CBT; á chur in iúl go bhfuil sí athdhearbhaithe ós rud é gur luaigh an Coimisiún go bhfuil tionchar airgeadais faoi bhun EUR 100 ag 8 gcinn de na hearráidí inchainníochtaithe (ródhearbhú limistéar) agus i gcás fhormhór na n-earráidí sin, go bhfuil an méid a chailltear faoi bhun EUR 1000;

96. ag tabhairt dá haire gur bhain formhór na n-earráidí a d’aimsigh an Chúirt le faisnéis mhíchruinn a sholáthar maidir le limistéir nó ainmhithe (42 %) agus le tairbhí, gníomhaíocht, tionscadal agus caiteachas neamh-incháilithe; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, mar a bhí in 2022, gur chinn an Chúirt i roinnt cásanna go raibh faisnéis leordhóthanach ag údaráis na mBallstát agus ag an gCoimisiún chun an earráid a chosc, nó chun í a bhrath agus a cheartú sular ghlac siad leis an gcaiteachas agus go mbeadh ráta earráide níos ísle a mheastar ag 1.3 % mar thoradh air sin;

97. á chur in iúl gur geal léi an ráiteas ón gCoimisiún go bhfuil sé mar aidhm le samhail seachadta CBT 2023-2027 rialacha a shimpliú agus béim a leagan ar úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail an Córas Faireacháin Limistéir, a chuideoidh le hearráidí a laghdú; ag tabhairt dá haire, in éineacht le hearráidí arna ndéanamh ag na feirmeoirí, go bhfuil an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS) mar bhonn don iarratas geospásúil ar chabhair agus ag meabhrú na dtairbhí suntasacha a d’fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar chabhair limistéir d’fheirmeoirí, do riaracháin agus don chomhshaol;

98. ag tabhairt dá haire an sampla de dhearbhú mícheart maidir le gníomhaíocht talmhaíochta a chuir an Chúirt i láthair ina tuarascáil bhliantúil, a luaitear i roinnt meán mar chás ‘crainn líomóide’, inar dhearbhaigh feirmeoir barr buan a shaothrú, áit nár saothraíodh an réimse talún ar feadh roinnt blianta i ndáiríre; ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 8 349.06 tionchar airgeadais na hearráide sin mar a thuairiscigh an Coimisiún,

mar aon leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinne na húdaráis náisiúnta freagracha, lena n-áirítear aisghabháil an mhéid a éilíodh; ag moladh obair iniúchóireachta chríochnúil na Cúirte agus an Choimisiúin agus an obair leantach ghasta a rinne an ghníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann;

99. ag tabhairt dá haire go gcuirtear SCOnna i bhfeidhm ar fud CBT, lena n-áirítear i bhforbairt tuaithe ina bhfuil na coinníollacha incháilitheachta níos casta agus ina bhfuil an riosca earráide níos airde, agus go bhféadfaí bearta nach bhfuil bunaithe ar dhearbhuithe limistéir nó ar dhearbhuithe ainmhithe a shimpliú, i gcás inar féidir leis na Ballstáit a chinneadh cibé acu costais iarbhír nó pá a aisíoc de réir aschuir réamhshainithe; ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún go mbaineann beagnach 92 % de na Cláir Forbartha Tuaithe úsáid as SCOnna;

100. á mheabhrú go n-áirítear i samhail dearbhaithe CBT na rialuithe ar an gcéad leibhéal a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta, an obair iniúchóireachta a dhéanann na comhlachtaí deimhniúcháin neamhspleácha a thugann tuairimí bliantúla maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas na ngníomhaireachtaí íocaíochta, agus obair an Choimisiúin trí imréiteach cuntas; á chur in iúl gur geal léi, in ainneoin roinnt neamhréireachtaí mar gheall ar sceidil nuashonraithe éagsúla na dtacar sonraí rialaithe agus íocaíochta, gur chinn an Chúirt go ndearna córais na ngníomhaireachtaí íocaíochta roghnaithe na híocaíochtaí cúnaimh a ríomh go hiontaofa, ar léiriú é ar cháilíocht agus ar chomhleanúnachas foriomlán staitisticí rialaithe agus sonraí íocaíochtaí na mBallstát arna dtuairisciú don Choimisiún;

101. á chur in iúl gur geal léi an spéis mhéadaithe atá ag na Ballstáit in uirlis chomhtháite TF le haghaidh mianadóireacht sonraí ARACHNE agus an úsáid a bhaineann siad aisti, agus úsáid á baint ag 13 Bhallstát as an uirlis do roinnt beart ar a laghad, agus cúig Bhallstát ag glacadh páirt i gceardlann um réamhrá ginearálta maidir le ARACHNE; ag tabhairt dá haire na bacainní a thuairiscigh na Ballstáit agus iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin feabhas a chur ar ARACHNE;

102. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún, in 2022, ráta cur chun feidhme 99.69 %, le haghaidh gealltanais faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), feabhas suntasach ar ráta cur chun feidhme 15.98 % a réamhtheachtaí, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) in 2021; ag tabhairt dá haire, áfach, go raibh 94.76 % ó EUR 1 135.74 milliún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2022 agus 97.06 % ó EUR 148.12 milliún in 2021 gan íoc ag deireadh na bliana comhfhreagraí; ag tabhairt dá haire thairis sin gur 99.99 % a bhí i ráta cur chun feidhme na leithreasuithe údaraithe faoi chomhair íocaíochtaí do CEMID in 2022 agus gur 86.55 % a bhí ann i gcás CEMI in 2021;

103. ag tabhairt dá haire Tuarascáil Speisialta 09/2023 ón gCúirt maidir le slabhraí soláthair táirgí talmhaíochta a dhaingniú le linn COVID-19 agus a conclúid go raibh freagairt an Choimisiúin ar an mbagairt ar shlabhraí soláthair táirgí talmhaíochta de dheasca phaindéim COVID-19 iomchuí den chuid is mó ach nach raibh sí spriocdhírithe go leor; á mheabhrú gur cuireadh tacaíocht dhíreach, le buiséad EUR 712 mhilliún, chun feidhme go tapa trí chistí nár úsáideadh ó CETFT a ath-leithdháileadh, rud a d'fhág gur ghlac na Ballstáit an beart sin den chuid is mó agus nár úsáideadh cuid shuntasach de bhuiséad CETFT ag deireadh 2019; á mheabhrú, thairis sin, gur chuir 5 cinn de na 14 Bhallstát cistí ón Aontas ar fáil do na feirmeoirí go léir ar éirigh caillteanais dóibh

agus de bhrí gur dhírigh na naoi gcinn eile ar earnálacha roghnaithe agus thacaigh siad le tairbhithe is cuma ar éirigh caillteanais dóibh nó nár éirigh;

Moltaí

104. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) aird shainráite a thabhairt sa mheastóireacht ex post ar CBT 2014-2020 ar idirthréimhse 2021-2022 agus ar na ceanglais bhreise a áirítear sna forálacha idirthréimhseacha i Rialachán (AE) 2020/2220 [8];
(ii) míniú a thabhairt don údarás um urscaoileadh cén fáth a bhfuil ráta cur chun feidhme na ngealltanas faoi CEMID i bhfad níos airde ná ráta cur chun feidhme a réamhtheachtaí;
(iii) an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir le húsáid SCOnna sa CBT reatha agus nua agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-úsáid le húdaráis na mBallstát agus le tairbhithe (féideartha) chun tuiscint a fháil ar ghlacadh sách mall leis na roghanna sin;
(iv) na táscairí riosca in ARACHNE a mheas go cúramach agus é mar aidhm leis líon na dtáscairí bréagacha a laghdú agus na táscairí eile a dhéanamh níos éifeachtúla chun cásanna a bhrath a bhfuil ardriosca ag baint leo maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; agus
(v) dreasachtaí agus tacaíocht a chur chun cinn agus a sholáthar do ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát maidir le huirlisí TF a úsáid amhail seiceálacha trí fhaireachán agus teicneolaíochtaí íomháithe eile i réimse an fhaireacháin talmhaíochta;

Imirce agus Bainistiú teorainneacha, Slándáil agus Cosaint

105. ag tabhairt dá haire gur EUR 3.4 billiún (1.7 % de bhuiséad an Aontais) a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal CAI 4 ‘Imirce agus Bainistiú Teorainneacha’ a dáileadh mar seo a leanas: 43.9 % don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), 23.1 % don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (CBCT) agus 33 % do thrí ghníomhaireacht dhíláraithe: An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (EU- LISA); ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 3 410.39 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.54 % díobh (EUR 3 394.69 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 3 372.54 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 97.61 % díobh (EUR 3 292.03 milliún);

106. ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad do na cláir faoi cheannteideal 5 den CAI ‘Slándáil agus Cosaint’ agus EUR 1.2 billiún arna dháileadh mar a leanas: 45.6 % don Chiste Eorpach Cosanta (EDF), 17 % don Chiste Slándála Inmheánaí (CSI), 19.2 % do ghníomhaireachtaí díláraithe An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um

[8] IO L 437, 28.12.2020, lgh. 1–29

Andúil i nDrugaí (EMCDDA), Europol agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), 6.8 % maidir le sábháilteacht núicléach agus díchoimisiúnú núicléach, agus 11.4 % le haghaidh réimsí eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 1 813.03 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.8 % díobh (EUR 1 809.43 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 1 158.67 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 97.54 % díobh (EUR 1 130.20 milliún);

107. ag tabhairt dá haire go raibh cion suntasach den chaiteachas faoi cheannteidil 4 agus 5 den CAI in 2022 ag baint le tionscadail a chur i gcrích a bhí fágtha ó CAI 2014-2020; ag tabhairt dá haire go bhfuil méideanna suntasacha de chláir náisiúnta AMIF agus ISF do 2014-2020 neamh-eisíoctha fós (26 % i gcomhair AMIF agus 33 % i gcomhair ISF ag deireadh 2022), cé go gcaithfidh cistiú le haghaidh 2014-2020 a bheith caite faoi Mheitheamh 2024;

108. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 23 idirbheart nach bhfuil ionadaíoch go leor den chaiteachas faoi cheannteidil 4 agus 5 den CAI agus, dá bhrí sin, nach féidir léi measachán a thabhairt ar an ráta earráide; ag tabhairt dá haire go léirítear i dtorthaí iniúchóireachta na Cúirte go bhfuil tionchar ag saincheisteanna incháilitheachta agus soláthair ar an gcaiteachas agus gur réimse ardriosca é (bhí tionchar ag earráidí ar 11 as 23 idirbheart a ndearnadh iniúchadh orthu, i.e. 48 %); ag tabhairt dá haire gur chainníochtaigh an Chúirt naoi n-earráid a raibh tionchar acu ar na méideanna a gearradh ar bhuiséad an Aontais agus gur aimsigh sí freisin ceithre chás de neamhchomhlíonadh forálacha dlíthiúla agus airgeadais, nach raibh aon tionchar acu ar bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire go gcinneann an Coimisiún go bhfuil an riosca tráth na híocaíochta faoi bhun 2 % don chaiteachas ar imirce agus bainistiú teorainneacha, agus don tslándáil agus don chosaint chomh maith;

109. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a shainaithin an Chúirt ina hathbhreithniú ar an obair a rinne údaráis iniúchóireachta sé Bhallstát mar ullmhúchán do AMIF 2021-2027, don Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) agus do chuntais bhliantúla ISF; ag tabhairt dá haire barúil na Cúirte, tráth a cuairteanna (idir Meán Fómhair 2022 agus Feabhra 2023), nár glacadh straitéisí iniúchóireachta na sé Bhallstát go fóill, rud atá ina réamhriachtanas chun ‘pacáiste dearbhaithe’ a thíolacadh;

110. ag tabhairt dá haire gur tugadh straitéis frithchalaoise AS DEFIS cothrom le dáta i mí Feabhra 2022 agus go bhfuil faireachán á dhéanamh ar a cur chun feidhme agus go bhfuil sé á tuairisciú don lucht bainistíochta go bliantúil; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh 100 % de mholtaí OLAF maidir le AS DEFIS chun feidhme agus nár tuairiscíodh aon chás calaoise ar leibhéal an Choimisiúin ná ag a chomhpháirtithe; ag tabhairt dá haire gur i mí Dheireadh Fómhair 2021 a rinneadh an nuashonrú deireanach ar straitéis frithchalaoise na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) agus go bhfuil sé á chur chun feidhme faoi láthair; á chur in iúl gur geal léi, faoi dheireadh 2022, go raibh 72 % de mholtaí airgeadais OLAF ón mbliain roimhe sin curtha chun feidhme ina n-iomláine agus go raibh 28 % díobh á gcur chun feidhme;

An imirce agus bainistiú teorainneacha

111. ag tabhairt dá haire go raibh na cistí faoi cheannteideal 4 CAI ríthábhachtach in 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an chogaidh san Úcráin; ag tabhairt dá haire gur tugadh níos mó solúbthachta isteach faoi chistí 2014-2020 chun feabhas a chur ar dheiseanna na mBallstát cistiú a dhíriú ar riachtanais nua, agus gur spreagadh EUR 400 milliún de Chúnamh Éigeandála faoi na Saoráidí Téamacha; ag tabhairt dá haire gur cheadaigh glacadh chláir na mBallstát do 2021-2027 rochtain a fháil ar níos mó ná EUR 10 mbilliún faoi na cistí nua don chlárthréimhse;

112. ag tabhairt dá haire gur taifeadadh gur tháinig níos mó ná 16 mhilliún duine ón Úcráin agus ón Moldóiv isteach san Aontas ó thús an chogaidh san Úcráin, agus go bhfuair os cionn 4 mhilliún duine atá ag teitheadh ón gcogadh cosaint san Aontas; ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún tacaíocht airgeadais ar fáil don Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce chun tacú leis an bpróiseas, mar chuid de thionscadal EUR 15 mhilliún lena n-éascaítear aistrithe daoine leochaileacha ón Moldóiv atá ag teitheadh ón Úcráin; ag tabhairt dá haire thairis sin gur fhógair an Coimisiún, an 30 Samhain 2022, an cinneadh tacaíocht airgeadais EUR 5.5 milliún a bhronnadh ar thionscadal a bheidh le cur i gcrích ag Cónaidhm Idirnáisiúnta de chuid Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC) chun tacú le hóstaigh agus leo siúd go léir a bhfuil baint acu le cóiríocht phríobháideach a chur ar fáil do dhaoine easáitithe, agus dea-chleachtais á gcur le chéile do riachtanais a bheidh ann amach anseo; ag tabhairt dá haire, in 2022, i gcomhthéacs mhaoiniú na hÚcráine, gur ghlac an Coimisiún cinntí lena n-údaraítear úsáid a bhaint as an gcistiú nach mbaineann le costais arb ionann iad agus EUR 248 milliún (Bealtaine 2022) agus EUR 137 milliún (Lúnasa 2022), chomh maith le deontais níos lú, tithe sábháilte agus tacaíocht shíceasóisialta dar luach EUR 15 mhilliún;

113. ag tabhairt dá haire gur chuir AS HOME EUR 27 milliún ar fáil in 2022 chun faisnéis a bhaineann leis an tslándáil a mhalartú agus EUR 25.5 milliún chun an choireacht a chomhrac agus a chosc, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht; ag tabhairt dá haire freisin gur leithdháil an Coimisiún, i mí Iúil 2022, tríd an gCiste Slándála Inmheánaí (CSI), EUR 15.7 milliún ar na Ballstáit chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thionscadail agus do ghníomhaíochtaí fadtéarmacha laistigh den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT) — ionstraim slándála atá ‘faoi stiúir’ na mBallstát chun bagairtí a bhaineann leis an gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach a shainaithint, a chur in ord tosaíochta agus chun aghaidh a thabhairt orthu,

An tslándáil agus an chosaint

114. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil rannpháirtíocht FBManna i CEF (go háirithe rannpháirtíocht trasteorann FBManna i gcuibhreannais thionsclaíocha) á éascú trí ghlaonna spriocdhírithe CEF, bónais airgeadais, critéir dhámhachtana shonracha, agus úsáid SCOnna chun an t-ualach riaracháin a laghdú; ag tabhairt dá haire, i nglaonna CEF 2022, gur FBManna iad 38.2 % de na heintitis rannpháirteacha, agus go mbeidh 20 % den chistiú iomlán trí na glaonna sin ar fáil do FBManna (EUR 166 mhilliún);

115. á mheabhrú gur réamhchlár de chuid CEF a bhí sa Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (RBTC) le buiséad EUR 90 milliún lenar maoiníodh 18 dtionscadal taighde a roghnaíodh tar éis glaonna ar thograí sna blianta 2017 go 2019; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go dtugann an Chúirt faoi deara, i dTuarascáil Speisialta 10/2023 uaithi dar teideal ‘An Réamhbheart maidir le taighde cosanta’, nach bhfuil

straitéis fhadtéarmach fós ag an Aontas le haghaidh na dtionscadal faoi CEF, go háirithe ó thaobh tionchair, taighde breise, forbartha, monaraíochta, soláthair agus gnéithe eile de; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún le gach ceann de mholtaí na Cúirte;

116. ag tabhairt dá haire barúlacha na Cúirte ina Tuarascáil Speisialta 10/2023 maidir le hinfhaighteacht theoranta acmhainní daonna ag an gCoimisiún agus an riosca ina dhiaidh sin do CEF; ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar shaincheisteanna slándála, go bhfuil an líon foirne is gá chun tionscadail chosanta a bhainistiú níos airde ná mar atá i gcás tionscadail eile; ag tabhairt dá haire go gcuireann an méadú leanúnach atá ag teacht ar líon na dtograí a mbeidh meastóireacht le déanamh orthu agus ar thionscadail a mbeidh bainistiú le déanamh orthu brú suntasach ar acmhainní daonna agus go gcruthaíonn sé dúshláin maidir le foireann cháilithe a bhfuil an taithí chuí acu a earcú;

Moltaí

117. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) soláthar leordhóthanach buiséid agus acmhainní daonna oilte a áirithiú chun comhar agus infheistíocht i réimse na cosanta a fheabhsú agus chun CEF a chur chun feidhme; agus
(ii) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí airgeadais OLAF atá fós gan réiteach;

An Chomharsanacht agus an Domhan

118. ag tabhairt dá haire gur EUR 14.5 billiún (7.4 % de bhuiséad an Aontais) a dáileadh mar seo a leanas a bhí sa bhuiséad do na cláir faoi cheannteideal 6 CAI ‘An Chomharsanacht agus an domhan’: 64.8 % le haghaidh na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda (ICFCI)-an Eoraip Dhomhanda), 16.8 % le haghaidh Cabhair Dhaonnúil (HUMA), 14.4 % le haghaidh Cúnamh Réamhaontachais (IPA III) agus 4 % le haghaidh gníomhaíochtaí agus cláir eile; ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh agus EUR 17 670.49 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.79 % díobh (EUR 17 632.52 milliún); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 13 156.10 milliún agus gur cuireadh chun feidhme 99.19 % díobh (EUR 13 049.50 milliún);

119. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 72 idirbheart nach bhfuil ionadaíoch go leor den chaiteachas faoin gceannteideal CAI sin agus, dá bhrí sin, nach féidir léi measachán a thabhairt ar an ráta earráide; ag tabhairt dá haire go léiríonn torthaí iniúchóireachta na Cúirte gur réimse ardriosca é sin (bhí tionchar ag earráidí ar 34 idirbheart as 72 idirbheart a ndearnadh iniúchadh orthu, i.e. 47 %); ag tabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt 25 earráid a raibh tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais, maidir le costais neamh-incháilithe, easpa doiciméad tacaíochta, soláthar poiblí agus caiteachas nár tabhaíodh;

120. á mheabhrú go dtuairiscíonn an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (DG NEAR) an riosca tráth an chlabhsúir ina Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí (AARanna) bunaithe ar staidéar arna dhéanamh ag conraitheoir seachtrach, ar a dtugtar an ráta earráidí iarmharacha (RER),

arb é is aidhm dó meastachán a dhéanamh ar ráta na n-earráidí nár braitheadh leis an gcóras rialaithe inmheánaigh agus a chinneadh an bhfuil sé éifeachtach nó nach bhfuil; ag tabhairt dá haire torthaí staidéar RER 2022 go bhfuil an ráta earráidí iarmharacha in 2022 cothrom le 1 % agus, dá bhrí sin, faoi bhun na tairsí ábharthachta de 2 %;

121. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt teorainneacha maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun RER a chinneadh a d'fhéadfadh cur lena tearcmheastachán, go háirithe, gur féidir leis an gconraitheoir brath go hiomlán ar thorthaí na hoibre rialaithe a rinneadh roimhe seo i gcásanna áirithe agus nach n-áirítear an meastachán ar an ráta earráidí iarmharacha do dheontais faoi bhainistíocht dhíreach i ríomh RER foriomlán AS NEAR; ag tabhairt dá haire go ndearbhaíonn an Coimisiún nach bhfuil sé faoi réir na dteorainneacha sin toisc (i) go bhfuil an spleáchas ar obair rialaithe a rinneadh roimhe seo faoi réir coinníollacha dochta agus (ii) go n-áirítear sa ráta earráide domhanda deontais faoi bhainistíocht dhíreach;

122. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún moltaí na Cúirte chun feidhme maidir le teorainneacha an staidéir RER a nochtadh in AARanna AS NEAR ó 2021 i leith, chun seiceálacha a neartú trí earráidí athfhillteacha a shainaithint agus a chosc, agus go gcuirfidh AS NEAR oibleagáidí ar an gconraitheoir staidéir RER aon chalaois amhrasta i gcoinne bhuiséad an Aontais a braitheadh le linn a chuid oibre ar an staidéar RER a thuairisciú don Choimisiún;

123. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thuairiscigh AARanna AS NEAR agus Ard-Stiúrthóireacht na gComhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) go raibh deacrachtaí ag baint le cur chun feidhme an chórais nua faisnéise oibríochtúla OPSYS, córas a bhí éagobhsaí ar uairibh, nár éirigh leis an méid a rabhthas ag súil leis a chomhlíonadh, agus go raibh gá le hidirghabháil rialta ó fhoirne tacaíochta AS DIGIT, rud a fhágann go n-aithnítear é mar riosca criticiúil i gcleachtadh measúnaithe riosca AS NEAR;

124. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt measúnú freisin ar mhúscailt feasachta i measc fhoireann Thoscaireachtaí an Aontais sna réimsí seo a leanas: cosc calaoise, eitic agus ionracas; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár cuireadh oiliúint ar roinnt ball foirne a chuir an Chúirt faoi agallamh chun calaois a chosc le cúig bliana anuas; ag tabhairt dá haire go gcuireann AS NEAR sraith uirlisí agus acmhainní ar fáil dá fhoireann chun saincheisteanna a bhaineann le calaois a chumhdach, amhail oiliúint, líonra frithchalaoise a bhfuil pointí fócasacha agus treoir aige; ag tabhairt dá haire torthaí dearfacha na suirbhéanna a rinne AS NEAR chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal feasachta calaoise a foirne, agus gur sainaithníodh roinnt réimsí a bhféadfaí feabhsúcháin a dhéanamh iontu agus go bhfuil plean gníomhaíochta á chur chun feidhme;

125. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Coimisiún roinnt sásraí chun feidhme chun rioscaí a mhaolú agus chun úsáid chuí chistí an Aontais a chaitear i limistéir éagobhsaí nó i limistéir choinbhleachta a choimirciú; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Coimisiún measúnú córasach ar rioscaí éillithe i dtíortha comhpháirtíochta agus go n-úsáideann sé réimse uirlisí chun iad a mhaolú, ag an am céanna go gcuireann sé coinníollacha agus táscairí feidhmíochta i bhfeidhm chun trédhearcacht fhioscach agus cuntasacht fhioscach a chur chun cinn trína thacaíocht bhuiséadach; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil feabhas tagtha, de réir shonraí an Bhainc Dhomhanda, ar thíortha a bhaineann

tairbhe as tacaíocht bhuiséadach an Aontais maidir le rialú an éillithe le himeacht ama;

126. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt, i dTuarascáil Speisialta 14/2023 uaithi dar teideal ‘An clársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda’, cé go ndearna an Coimisiún agus SEGS cistiú a thabhairt le chéile in aon ionstraim amháin, Ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, a chlúdaíonn níos mó ná 70 % den mhaoiniú ón Aontas atá leithdháilte ar ghníomhaíocht sheachtrach le haghaidh thréimhse airgeadais 2021-2027, bhí dhá mhodheolaíocht leithdháilte éagsúla in úsáid acu i dtaca le tíortha Comharsanachta agus le tíortha Neamhchomharsanachta, agus nár áirithíodh leis na cláir ilbhliantúla tháscacha gurbh iad na hearnálacha idirghabhála a roghnaíodh na hearnálacha sin ina bhféadfadh cistiú ón Aontas tionchar a bhaint amach;

127. ag tabhairt dá haire, tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne Hamas i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, gur fhógair an Coimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2023 a chinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar chúnamh an Aontais don Phalaistín; á chur in iúl gur geal léi gur léirigh an t-athbhreithniú, a tugadh chun críche an 21 Samhain 2023, go bhfuil rialuithe ex-ante agus ex-post ag an gCoimisiún, agus go bhfuil córas coimircí i bhfeidhm aige a oibríonn go maith agus nár aimsíodh aon fhianaise go dtí seo gur atreoraíodh airgead chun críoch neamhbheartaithe; á thabhairt chun suntais, ina theannta sin, de réir an fhreagra ón gCoimisiún, go bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair maidir le nósanna imeachta tairisceana agus glaonna ar thograí ‘ag cur rannpháirtíocht eintiteas, daoine aonair nó grúpaí atá cleamhnaithe le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta ar neamhréir go neamhchoimsithe le haon chistiú ón Aontas’;

128. ag tabhairt dá haire gur íoc AS NEAR EUR 910.8 milliún i gcúnamh déthaobhach leis an Úcráin in 2022, agus gur íocadh EUR 698 milliún de sin trí Thacaíocht Bhuiséadach; ag tabhairt dá haire gur éirigh le beagnach EUR 200 milliún de thionscadail leanúnacha a gcuspóir a athrú chun dul i gcion ar na tairbhithe sular féidir le comhpháirtithe daonnúla a gcláir chabhrach a shlógadh; ag tabhairt dá haire go bhfuil forchoimeádas in AAR 2022 de chuid AS NEAR mar thoradh ar na srianta maidir le faireachán leormhaith a dhéanamh ar thionscadail san Úcráin agus go bhfuil gníomhaíochtaí ceartaitheacha á gcur chun feidhme, amhail faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme tionscadal trí athbhreithnithe deisce, réitigh chianda agus soláthraí seirbhíse a úsáid;

129. á chur in iúl gur geal léi gur shínigh OLAF socruithe comhair riaracháin le hOifig Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine an 11 Feabhra 2021 agus le Seirbhís Iniúchóireachta Stáit na hÚcráine i mí an Mhárta 2023; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag súil go luath go mbeidh baint ag an Úcráin le Clár Frithchalaoise an Aontais (CFCA) agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil OLAF ag cur tacaíocht ar fáil d’údaráis na hÚcráine ina n-iarrachtaí agus straitéisí frithchalaoise náisiúnta; á chur in iúl gur geal léi gur shínigh OIPE socruithe oibre le Biúró Náisiúnta Frith-Éillithe na hÚcráine, i mí Iúil 2023, arb é is aidhm dóibh an comhar a éascú maidir le cásanna éillithe a imscrúdú, agus le hOifig Ard-Ionchúisitheoir na hÚcráine, i mí an Mhárta 2022, chun leas airgeadais an Aontais agus na hÚcráine a chosaint trí imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach;

Moltaí

130. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a mhéid a bhaineann le córas feidhmchlár OPSYS, feabhas a chur ar cháilíocht na mbogearraí nua, an feidhmchlár a chobhsú agus comhéadain idir modúil éagsúla OPSYS a fheabhsú, agus na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun a aibíocht/stóinseacht a fheabhsú;

(ii) leanúint dá áirithiú go ndéanfaidh na conarthaí uile a bhaineann le cistiú ón Aontas reachtaíocht infheidhme an Aontais a urramú go hiomlán, lena n-áirítear cuntasacht, trédhearcacht agus cosaint chistí an Aontais; nach mbeidh rannpháirtíocht eintiteas, daoine aonair nó grúpaí atá cleamhnaithe le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta ar neamhréir go neamhchoimsithe le haon chistiú ón Aontas; agus a áirithiú go n-áirithítear le sásraí diana faireacháin agus rialaithe go saothróidh gach duine aonair a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí arna bhformheas le haghaidh cistiú ón Aontas, agus na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí sin amháin;

(iii) bearta rialaithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm i limistéir éagobhsaí nó i limistéir choinbhleachta chun rialú cuí ar chaiteachas chistí an Aontais a áirithiú;

An Riarachán Poiblí Eorpach

Acmhainní Daonna

131. ag tabhairt dá haire gurbh ionann an buiséad do na cláir faoi Cheannteideal 7 CAI ‘Riarachán Poiblí Eorpach’ agus EUR 11.6 billiún (5.9 % de bhuiséad an Aontais), lena gcuimsítear caiteachas institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais maidir le hacmhainní daonna agus pinsin (thart ar 70 % den iomlán), foirgnimh, trealamh, fuinneamh, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise; ag tabhairt dá haire go gcaitheann an Coimisiún 58.6 % den mhéid iomlán (EUR 6.7 billiún); ag tabhairt dá haire, amhail ón 31 Nollaig 2022, gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair gealltanas a glacadh don Choimisiún Eorpach agus EUR 6 298.13 milliún (cuireadh chun feidhme 99.84 % díobh, i.e. EUR 6 288.14 milliún), agus gurbh ionann na leithreasuithe buiséadacha deiridh faoi chomhair íocaíochtaí a glacadh agus EUR 6 298.22 milliún (94.66 % díobh sin a cuireadh chun feidhme, i.e. EUR 5 961.72 milliún);

132. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla ina raibh 60 idirbheart a chlúdaíonn an raon iomlán caiteachais faoi Cheannteideal 7 den CAI a raibh baint ag institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais leis; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú freisin ar an bhfaisnéis maidir le rialtacht atá tugtha sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó gach ceann de na hinstitiúidí agus comhlachtaí, lena n-áirítear iad sin ó ardstiúrthóireachtaí agus oifigí an Choimisiúin atá freagrach go príomha as an gcaiteachas riaracháin, agus a áiríodh ina dhiaidh sin in AMPR an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go measann an Chúirt nach raibh an leibhéal earráide i gCeannteideal 7 CAI ábhartha agus ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon mholtaí nua curtha chuig an gCoimisiún;

133. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Coimisiún a straitéis nua Acmhainní Daonna (‘Straitéis AD’) i mí Aibreáin 2022, a bhfuil sé d’aidhm aici aghaidh a thabhairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn tar éis ghéarchéim COVID-19 agus a dhíríonn ar ionad oibre tarraingteach a bhaint amach, ar roghnú agus earcaíocht níos tapúla agus níos solúbtha, agus ar ghairmréim sholúbtha agus thairbheach a bhaint amach don fhoireann uile; ag tabhairt dá haire gur sraith de rún don athrú agus don fheabhsú é an doiciméad agus gur

cheart é a chur chun feidhme de réir a chéile, agus go ndéanfar cuid dá inneachar a chaibidliú ar dtús san idirphlé sóisialta le hionadaithe foirne;

134. ag tabhairt dá haire gur earcaigh an Coimisiún gníomhairí conarthacha nó sealadacha níos mó agus níos mó ar phoist bhuana chun cúraimí nua a dhéanamh a eascraíonn as tosaíochtaí atá ag athrú go tapa, mar fhreagairt ar chásanna speisialta nó práinneacha agus fiú chun earcaíocht neamhchothrom ó thaobh na tíreolaíochta de a chúiteamh; á mheabhrú gur cúis bhuartha di an easpa eolais do na hinstitiúidí, chomh maith leis an tionchar diúltach ar pheirspictíocht agus ar shlándáil fostaíochta na mball foirne lena mbaineann; á thabhairt chun suntais nach réiteach inbhuanaithe é gníomhairí conarthacha nó sealadacha a earcú ar iarratais laghdaitheacha agus neamhchothromaithe ó thaobh geografaíochta de orthu siúd a chuireann isteach ar chomórtais an Aontais agus, níos tábhachtaí fós, ar an tsaincheist chasta maidir le laghdú tarraingteachta an Aontais mar fhostóir, rud atá sainaitheanta le fada;

135. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chéatadán na mban i bhfeidhmeanna bainistíochta ó thús an tsainordaithe: i mí Iúil 2023, b'ionann sciar na mban i bhfeidhmeanna bainistíochta agus 45.2 % ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí (ardú beagnach 9 bpointe céatadáin ó thús an tsainordaithe) agus 47.5 % ar leibhéal na meánbhainistíochta (suas 6 phointe céatadáin);

136. á aithint, chun earcaíocht a áirithiú ar an mbonn geografach is leithne is féidir, gur gá aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an tearcionadaíocht ó phointe na hearcaíochta tosaí; á chur in iúl gur geal léi, chun cothromaíocht gheografach a neartú i gcatagóirí éagsúla d'fhoireann an Choimisiúin, gur bhuail an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil (AS HR) leis na Ballstáit uile chun a n-ionadaíocht a phlé agus chun bailchríoch a chur ar na pleananna gníomhaíochta comhpháirteacha uile agus sainiúlachtaí gach Ballstáit á gcur san áireamh chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le tearcionadaíocht;

137. ag meabhrú iniúchadh na Cúirte ar ghníomhaíochtaí na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) agus na barúlacha maidir lena héifeachtacht agus lena héifeachtúlacht[9]; ag tabhairt dá haire, in 2022-2023, gur thug EPSO tástálacha a ndearnadh feitheoireacht chianda orthu isteach agus gur saoth léi go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar an gcóras sin anois mar gheall ar an iliomad deacrachtaí teicniúla a bhí ag go leor iarrthóirí; á chur in iúl gur oth léi an mhíchaoithiúlacht d'iarrthóirí, na costais bhuiséadacha dhíreacha a bhaineann leis na comórtais sheachtracha a chur ar fionraí, agus an iarracht bhreise a rinne seirbhísí earcaíochta an Choimisiúin chun teacht ar ionadaí leormhaith;

Foirgnimh agus riaracháin

138. ag tabhairt dá haire go raibh sé beartaithe go rachadh lárchóras airgeadais corparáideach nua an Choimisiúin, SUMMA, i mbun táirgthe faoi dheireadh 2023 agus go raibh dul chun cinn déanta aige i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le dul chun cinn a dhéanamh ag tús 2024; ag tabhairt dá haire gur cuireadh síneadh bliana leis an spriocdháta chun an

[9] Tuarascáil Speisialta 23/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'EPSO: Am chun an próiseas roghnúcháin a chur in oiriúint do riachtanais earcaíochta atá ag athrú'.

córas cuntasaíochta nua a chur chun feidhme toisc gur léiríodh go raibh cur chun feidhme naisc na gclár oibríochtúil (bainistiú comhroinnte, ríomhdheontais, ríomhsholáthar, íocaíochtaí foirne) le SUMMA ag an am céanna ina chleachtadh níos casta ná mar a bhíothas ag súil leis; á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní di, gurbh ionann costas chlár SUMMA ó bunaíodh é ag tús 2018 go dtí deireadh 2022 agus thart ar EUR 95 mhilliún agus go mbeidh acmhainní breise ag teastáil in 2024 chun síneadh ama a chur leis, a mheastar a bheith thart ar EUR 7 milliún;

139. ag tabhairt dá haire na tuarascálacha ó na meáin maidir leis an gcaibidlíocht idir Rialtas na Beilge agus an Coimisiún maidir le hidirbheart réadmhaoine ar fiú beagnach EUR 1 bhilliún é agus, ar an gcaoi chéanna, pleananna an Choimisiúin spásanna oifige a fháil ar cíos i limistéar na Bruiséile Thuaidh, lena n-áirítear drogall ar an bhfoireann lena mbaineann; á chur i bhfáth nár cheart d'aon fhorbairt i mbeartais eastáit réadaigh an Choimisiúin dálaí oibre a phearsanra a dhíghrádú;

Scoileanna Eorpacha

140. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt, ina Tuarascáil Bhliantúil maidir le cuntais na Scoileanna Eorpacha don bhliain airgeadais 2022, aon earráidí ábhartha i gcuntais bhliantúla chomhdhlúite deiridh na Scoileanna Eorpacha do 2022; á chur in iúl gur geal léi feabhsuithe breise ar tharraing an Chúirt aird orthu maidir le cáilíocht na gcuntas deiridh aonair agus comhdhlúite i gcomparáid leis na blianta roimhe sin;

141. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur aimsigh an Chúirt agus an t-iniúchóir seachtrach araon earráidí neamhábhartha, earráidí a bhain go príomha le ríomh na bhforálacha maidir le sochair iarfhostaíochta agus nach raibh tuairimí iniúchóireachta an iniúchóra sheachtraigh i gcomhréir leis an gcreatchonradh a tugadh i gcrích le hOifig an Ard-Rúnaí ('an Lároifig');

142. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, agus feabhsuithe á moladh aici ar nósanna imeachta earcaíochta agus soláthair sa Lároifig, go raibh easnaimh sna nósanna imeachta sin i gcás dhá cheann as na seacht scoil a ndearna sí athbhreithniú orthu (Frankfurt agus Lucsamburg I); ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt ar aire, arís eile, go raibh laigí i dtéarmaí nósanna imeachta íocaíochta don Lároifig agus don dá scoil araon a ndearnadh athbhreithniú orthu;

143. á mheabhrú go ndearna an Pharlaimint an méid seo a leanas ina rún an 12 Meán Fómhair 2023 maidir le córas na Scoileanna Eorpacha: staid na himeartha, dúshláin agus peirspictíochtaí,[10] á chur i bhfáth go bhfuil easnaimh thromchúiseacha sa chóras reatha earcaíochta múinteoirí i gCóras na Scoileanna Eorpacha (EES), rud a fhágann go bhfuil neamhréir idir na riachtanais ar an láthair agus an fhoireann iarbhír ar iasacht ó na Ballstáit, saincheisteanna le pleananna earcaíochta bliantúla, deacrachtaí maidir le múinteoirí agus baill foirne cháilithe a aimsiú, dálaí oibre forbhásacha do mhúinteoirí agus d'fhoireann oideachais eile a earcaítear go háitiúil agus fadhbanna le forbairt ghairmiúil leanúnach;

[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0306

Moltaí

144. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) úsáid éifeachtúil spásanna oifige agus sláinte agus folláine na foirne a chur san áireamh ar bhonn cothrom agus an straitéis nua acmhainní daonna á cur chun feidhme, go háirithe maidir le daoine faoi mhíchumas, chomh maith le hionadaithe foirne a rannpháirtiú go cuí agus dálaí oibre á n-athrú;
(ii) a bheith ar an airdeall i gcónaí maidir le cásanna tnáite a chosc, a shainaithint agus a bhainistiú go leormhaith i gcomhthéacs níos mó foirne, ualach oibre agus fholláine na foirne;
(iii) na bearta a threisiú chun tacú le mná atá ag saothrú gairme bainistíochta chun líon na n-iarratas ó mhná ardcháilithe ar fheidhmeanna meánbhainistíochta agus ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún agus de ghníomhaireachtaí an Aontais araon a mhéadú;
(iv) leanúint dá chuid oibre chun cothromaíocht gheografach a neartú dá fhoireann ar gach leibhéal agus, ag an am céanna, ag comhlíonadh na gceanglas sna Rialacháin Foirne maidir le hinniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí;
(v) infheistíochtaí iomchuí a dhéanamh chun acmhainneachtaí agus acmhainní TF a fhorbairt le go mbeidh EPSO níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí agus, go háirithe, chun na dálaí tástála is fearr a áirithiú sna próisis roghnúcháin amach anseo; agus
(vi) cur chuige bainistithe riosca níos fearr agus níos déine a áirithiú maidir le hullmhacht imscaradh SUMMA agus rioscaí ábhartha a bhaineann le suaitheadh sealadach a sheachaint go dtí go mbeidh an córas cuntasaíochta nua lánoibríochtúil;

145. Ina theannta sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Scoileanna Eorpacha an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) moltaí na Cúirte a chur chun feidhme gan mhoill ina Tuarascáil ar chuntais na Scoileanna Eorpacha don bhliain airgeadais 2022, agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn;
(ii) na ganntanais leanúnacha múinteoirí a réiteach go práinneach agus staid chobhsaí chothrom fostaíochta a áirithiú do chách trí bhaill foirne a choinneáil agus trí iomlaoid foirne a laghdú, agus ar an gcaoi sin fágáil daoine oilte a sheachaint freisin; agus
(iii) na ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas leis na Scoileanna Eorpacha a thaispeáint mar líne bhuiséid ar leithligh, i mbuiséid an Aontais amach anseo, chun trédhearcacht a mhéadú, pleanáil straitéiseach a áirithiú agus grinnscrúdú parlaiminteach a éascú faoin nós imeachta um urscaoileadh;

CAIBIDIL II – An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA)

Barúlacha ginearálta

146. á mheabhrú gur athraigh ráig phaindéim COVID-19 in 2020 go tobann ionchas eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais agus go ndearnadh iarracht aontaithe chun an pacáiste téarnaimh don Eoraip a sheoladh, a raibh comhdhéanta de CAI 2021-2027 agus NGEU, arb é STA an bhunchloch de; á mheabhrú gurb é an cuspóir atá le STA ná tacaíocht airgeadais a sholáthar do na Ballstáit chun tionchar tromchúiseach eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe na hEorpa a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, níos cuimsithí agus a chinntiú gur fearr a bheidh siad ullmhaithe do dhúshláin agus do dheiseanna a leanfaidh as na haistrithe glasa agus digiteacha; á mheabhrú gur ionstraim nuálach, shealadach í STA atá bunaithe ar fheidhmíocht, rud a chiallaíonn go bhfuil íocaíochtaí nasctha le comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna (M&Tanna) lena léirítear an dul chun cinn maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí a áirítear sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna), a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

147. ag tabhairt dá haire gur glacadh na 27 RRP uile faoi dheireadh 2022, lenar leithdháileadh EUR 335.1 billiún i ndeontais agus EUR 165.3 billiún in iasachtaí, a íocfar nuair a chomhlíonfar 2 557 mbeart (a mbeidh thart ar aon trian ann le haghaidh athchóirithe agus dhá thrian le haghaidh infheistíochtaí), agus a 6 237 ngarspriocanna agus spriocanna gaolmhara, faoi 2026; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún EUR 74.4 billiún (EUR 47.2 billiún i ndeontais agus EUR 27.2 billiún in iasachtaí) a eisíoc in 2022, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú;

148. ag tabhairt dá haire gur seoladh Plean REPowerEU i mí na Bealtaine 2022 chun cabhrú leis an Aontas a spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú trí fhuinneamh a shábháil, fuinneamh glan a tháirgeadh agus a sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú, atá ailínithe leis an aistriú glas; ag tabhairt dá haire gur chuir na leasuithe a tugadh isteach ar Rialachán (AE) 2021/241 (‘Rialachán STA’)[11] le Rialachán (AE) 2023/435 maidir le REPower EU[12] maoiniú breise agus tosaíochtaí breise leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; ag tabhairt dá haire gur chuir gach ceann de na 27 mBallstát RRPanna modhnaithe isteach chun caibidlí REPowerEU a chur san áireamh, ach freisin chun tacaíocht iasachta bhreise a iarraidh, chun coigeartuithe a dhéanamh tar éis an ranníocaíocht uasta airgeadais a thabhairt cothrom le dáta nó chun leasuithe a dhéanamh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, mar a chumasaítear le Rialachán STA; ag tabhairt dá haire go bhfuil an t-athbhreithniú ar RRPanna faoi réir na gcritéar measúnaithe céanna leis na pleananna bunaidh, mar aon le ceanglais shonracha is infheidhme maidir le caibidlí REPowerEU;

149. á mheabhrú gur féidir leis an gCoimisiún, faoi NGEU, suas le EUR 806.9 billiún a thiomsú idir lár 2021 agus 2026 trí bhannaí AE a eisiúint; ag tabhairt dá haire gur fhógair an Coimisiún i mí an Mheithimh 2022 plean cistiúcháin don tréimhse ó mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí na Nollag 2022 agus gur thiomsaigh sé EUR 50 billiún

[11] IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75
[12] IO L 63, 28.2.2023, lch. 1–27

breise i gcistiú fadtéarmach do NGEU, arna chomhlánú le heisiúintí billí gearrthéarmacha AE, rud a fhágann gurb é EUR 171 bhilliún méid iomlán bannaí NGEU gan íoc, ar tiomsaíodh EUR 36.5 de trí bhannaí glasa a eisiúint;

150. ag tabhairt dá haire gur beartaíodh EUR 14.9 billiún in CAI 2021-2027 in 2020 chun na híocaíochtaí úis le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU a chumhdach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar na rátaí úis níos airde ar chumhacht cheannaigh bhuiséad an Aontais, agus méadú ag teacht ar na rátaí úis ar Bhannaí AE 10 mbliana ó 0.09 % in 2021 go 3.2 % in 2023; ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí i leith sealbhóirí bannaí i ngach imthoisc agus a thogra le haghaidh modhnú teicniúil ar CAI chun láimhseáil bhuiséadach chostais iasachtaíochta NGEU a bharrfheabhsú;

Barúlacha na Cúirte

151. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil caiteachas STA in 2022 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha, cé is moite d'éifeachtaí na dtorthaí cainníochtúla in 11 íocaíocht agus an earráid ábhartha i 6 íocaíocht arna meas ag an gCúirt, arb iad is bonn lena tuairim cháilithe maidir le caiteachas STA; ag tabhairt dá haire go bhfuil cineál shamhail chaiteachais STA ag brath ar na breithiúnais atá le déanamh ag an gCoimisiún agus, dá bhrí sin, nach gcuireann an Chúirt ráta earráide ar fáil ach go measann sí go mbeidh tionchar airgeadais íosta a cuid torthaí faoi bhun na tairsí ábharthachta ach gar don tairseach ábharthachta;

152. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt iniúchadh ar 244 gharsprioc as 274 gharsprioc agus ar na 37 sprioc uile a áirítear in iarrataí ar íocaíocht 2022 le haghaidh deontas; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go raibh tionchar ag saincheisteanna rialtachta ar 15 díobh (faoi bhun 5 % den iomlán); ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt nár comhlíonadh na ceanglais go sásúil le haghaidh 8 M &T in 8 n-íocaíocht; ag tabhairt dá haire go bhfuil conclúidí na Cúirte bunaithe ar a léirmhíniú ar na ceanglais dhlíthiúla arna leagan síos ag an gComhairle nó ar bhreithiúnais cháilíochtúla nach bhfuil mar an gcéanna i gcás an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire go ndéantar íocaíochtaí uile STA a mheasúnú de réir an chreata arna chur in iúl agus arna chur i bhfeidhm ag an gCoimisiún, agus go gcuireann an Coimisiún san áireamh freisin, i gcás gach íocaíochta, tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus an grinnscrúdú a dhéanann saineolaithe de chuid na mBallstát faoin nós imeachta coiste;

153. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt gur tharla cás de chistiú dúbailte in 2022, cé nach bhfuil aon chostais ag gabháil leis an mbeart atá i gceist faoi STA; ag tabhairt dá haire an bharúil ón gCoimisiún, de réir Rialachán STA, go bhfuil 'cistiú dúbailte' nasctha go sainráite le costais agus, dá bhrí sin, nach féidir 'maoiniú dúbailte' a bheith ann mura bhfuil aon mheastachán costais curtha isteach ag an mBallstát mar chuid dá phlean náisiúnta; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur critéir bhunriachtanacha iad athchóirithe le haghaidh mheasúnú dearfach an Choimisiúin ar RRPanna, ach nach méadaíonn áireamh na n-athchóirithe gan chostas a gclúdach airgeadais, cé go n-áirithítear ar an gcaoi sin leis na pleananna go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil iad;

154. ag tabhairt dá haire gur shainaithin an Chúirt roinnt cásanna de dhearadh lag i M&Tanna agus fadhbanna le hiontaofacht na faisnéise a chuir na Ballstáit san áireamh

ina ndearbhuithe bainistíochta, cé go measann an Chúirt go bhfuil éifeachtaí na dtorthaí sin ábhartha ach nach bhfuil siad forleatach; ag tabhairt dá haire go n-aontaíonn an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar M&Tanna ar choinníoll go bhfuil bonn cirt dlíthiúil leis na gnéithe de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a athrú, eadhon, go dtíolacfaidh Ballstát plean leasaithe agus bunús dlí leis na hathruithe;

155. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Coimisiún, faoi dheireadh 2022, 6 chás neamhrialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do OLAF, arna sainaithint le linn iniúchtaí ex-post nó ó fhoinsí oscailte i ndáil le gníomhaíochtaí lenar thacaigh STA; ag tabhairt dá haire gur scaip OLAF creat riosca don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2022 agus gur chuir sé os cionn 50 seisiún oiliúna feasachta calaoise ar fáil do ranna, do ghníomhaireachtaí agus do chomhpháirtithe seachtracha eile de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear údaráis na mBallstát;

156. á chur in iúl gur geal léi obair iniúchóireachta chórasach na Cúirte maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus béim á leagan ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, lena soláthraítear anailís chríochnúil ar ghnéithe ábhartha na Saoráide agus léargas luachmhar ar a cur chun feidhme; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go nglacann an Coimisiún go ginearálta le moltaí na Cúirte agus go gcuireann sé i bhfeidhm iad agus ag aithint go mbaineann go leor de na saincheisteanna a shainaithin an Chúirt le bunús dlí STA agus go bhfuil baint acu lena nádúr nuálach agus lena fheidhmiú nuálach; á mheas go bhfuil moltaí na Cúirte a eascraíonn as a cuid oibre iniúchóireachta maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ábhartha go háirithe do na comhreachtóirí maidir le hionstraimí maoiniúcháin de chuid an Aontais a bheidh bunaithe ar fheidhmíocht amach anseo;

Iniúchadh agus rialú

157 ag tabhairt dá haire go bhfuil an creat rialaithe saincheaptha do chineál uathúil STA agus go bhfuil sé bunaithe ar dhá chineál rialuithe, eadhon (i) rialuithe ag an gCoimisiún chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht gealltanas agus íocaíochtaí, bunaithe ar ghnóthú sásúil M&Tanna mar a leagtar amach sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena bhformheastar na RRPanna, agus (ii) rialuithe ag na Ballstáit chun cosaint leormhaith leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú mar a fhoráiltear in Airteagal 22 de Rialachán STA;

158 á chur in iúl gur geal léi, bunaithe ar mholtaí na Cúirte agus ar an taithí a fuarthas, gur chuir an Coimisiún a mhodheolaíochtaí i láthair maidir le (i) measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil M&Tanna, (ii) na méideanna a cuireadh ar fionraí a ríomh i gcás nach gcomhlíontar garsprioc nó sprioc, agus (iii) déileáil le cásanna a d'fhéadfadh a bheith ann inar measadh ar dtús gur chomhlíon an Coimisiún go sásúil iad ina dhiaidh sin; á chur in iúl gur geal léi go nglacann an Coimisiún leis an moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar a nósanna imeachta iniúchóireachta ex-post chun a fhíorú go bhféadfaí na spriocanna a aisiompú tar éis na híocaíochta, cé gur cúis bhuartha di nach soláthraítear soiléireacht dhlíthiúil leis an modheolaíocht i gcás ina ndéantar garsprioc nó sprioc a aisiompú tar éis thréimhse cur chun feidhme STA;

159. ag tabhairt dá haire gur fhíoraigh an Coimisiún leordhóthanacht chórais rialaithe na mBallstát mar réamhchoinníoll chun measúnú dearfach a dhéanamh ar RRPanna agus, i gcásanna áirithe, gur cuireadh M&Tanna sonracha maidir le hiniúchadh agus rialú leis

na RRPanna chun leordhóthanacht iomlán na gcóras chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a áirithiú; ag tabhairt dá haire go raibh comhlíonadh sásúil M&Tanna iniúchóireachta agus rialaithe ina réamhchoinníoll, dá réir sin, le haghaidh na gcéad íocaíochtaí agus á chur in iúl gur geal léi nár tharraing an Chúirt anuas aon saincheisteanna a bhaineann lena gcomhlíonadh sásúil a ndearnadh measúnú orthu le linn 2022; ag tabhairt dá haire, ina dhiaidh sin, go ndearna an Coimisiún 16 iniúchadh ar an gcóras in 2022 agus 11 in 2023, ionas go mbeidh iniúchadh déanta ar chórais rialaithe na mBallstát uile uair amháin ar a laghad faoi dheireadh 2023;

Cur chun feidhme agus tionchar

160. ag tabhairt dá haire go ndearna an Coimisiún 13 íocaíocht in 2022 le 11 Bhallstát arbh ionann iad agus EUR 72.2 billiún san iomlán, tar éis 366 M&T a bheith comhlíonta go sásúil (328 ngarsprioc agus 38 sprioc); ag tabhairt dá haire, ó dháta foilsithe an dara tuarascáil cur chun feidhme i mí Mheán Fómhair 2023, go bhfuair an Coimisiún 32 iarraidh ar íocaíocht ó 20 Ballstát agus gur íoc sé amach méid iomlán EUR 153.4 billiún (EUR 106.3 billiún i ndeontais agus EUR 47.1 billiún in iasachtaí);

161. ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún go bhfuil baint amach M&Tanna ar an mbóthar ceart tríd is tríd, tar éis na chéad bhliana d'fheidhmiú STA, go raibh sé níos dírithe ar na hathchóirithe riachtanacha chun an creat a thógáil do thionscadail infheistíochta ina dhiaidh sin chun tionchar níos airde a bheith acu; ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún moilleanna i gcomparáid le féilire táscach na n-íocaíochtaí, mar gheall ar an bpróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar RRPanna i gcomhthéacs Phlean REPowerEU agus na ndúshlán cur chun feidhme atá os comhair na mBallstát, amhail saincheisteanna maidir le hacmhainneacht riaracháin, scrogaill infheistíochta, agus iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear an ghéarchéim fuinnimh, suaitheadh praghsanna gan choinne, ganntanais ábhar áirithe agus boilsciú ard; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún ag tacú leis na Ballstáit uile dlús a chur le cur chun feidhme agus athbhreithniú a bpleananna, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár chuir 8 mBallstát aon iarraidh ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin go fóill, de réir thuarascáil cur chun feidhme STA 2023 ón gCoimisiún;

162. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú ríthábhachtach STA chun géarchor chun donais eacnamaíoch agus géarchéim shóisialta a chosc tar éis phaindéim COVID-19, agus gur cumasaíodh léi rabharta athchóirithe agus infheistíochtaí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar fud an Aontais a mbeidh éifeacht fhadtéarmach thábhachtach aige ar an Olltáirgeacht intíre (OTI); á chur i bhfios go bhfuil breisluach Eorpach na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta cruthaithe le fada ós rud é go gcuireann a nádúr nuálach solúbtha ar chumas na mBallstát cuspóirí comhchoiteanna beartais an Aontais a bhaint amach; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, go gcuireann STA ar chumas na mBallstát aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann go sonrach le tír faoi leith trí dhearadh RRPanna agus go gcuirtear creat measúnaithe aonair i bhfeidhm go cothrom maidir leis na Ballstáit uile agus maidir le hiarrataí ar íocaíochtaí;

163. á chur in iúl gur geal léi gur sháraigh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a mhol na Ballstáit chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán STA, ós rud é gurb ionann an caiteachas aeráide measta agus thart ar 40 % agus an caiteachas digiteach AR 26 %, agus gur socraíodh na cuspóirí ag céatadáin níos

ísle de 37 % agus 20 % faoi seach;

164. ag tabhairt dá haire an dul chun cinn a tuairiscíodh maidir leis na sé cholún de STA agus, go háirithe, maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha (CSRanna), agus roinnt dul chun cinn déanta ar a laghad maidir le 68 % agus dul chun cinn suntasach in 12 % de mholtaí tírshonracha 2019-2020 CSRanna, lena léirítear na dreasachtaí a chuir STA ar fáil; ag tabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta maidir le cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2022 freisin, agus roinnt dul chun cinn déanta ar a laghad i mbeagnach 52 % de na moltaí a cuireadh faoi bhráid na mBallstát i mí Iúil 2022;

165. ag tabhairt dá haire ó Thuarascáil Speisialta 26/2023 gur éirigh leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit córas faireacháin a chur ar bun, lena n-áirítear córas TF, d'ainneoin nach raibh mórán ama ar fáil chun samhail feidhmíochta STA a dhearadh; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin oibriú ar na saincheisteanna a sainaithníodh agus na moltaí gaolmhara a chur chun feidhme;

166. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn suntasach a léiríodh leis na táscairí coiteanna agus ar fud na gcolún beartais uile faoi mhí na Nollag 2022, amhail coigilteas 22 mhilliún Meigeavata ('MWh') i dtomhaltas fuinnimh bliantúil a baineadh amach, chabhraigh 1.43 milliún fiontar le tacaíocht airgeadaíochta nó chomhchineáil, 4 mhilliún duine oilte, agus tacaíocht a tugadh do 4 115 196 duine óg idir 15-29 mbliana d'aois;

Trédhearcacht

167. ag tabhairt dá haire go n-aithníonn an tOmbudsman go ndearnadh dul chun cinn maidir le trédhearcacht réamhghníomhach, go háirithe trí Scórchlár STA agus trí fhoilsiú an 100 faighteoir is mó; ag tabhairt dá haire, áfach, na pointí le haghaidh feabhais a chuir an tOmbudsman in iúl agus ag tacú lena moltaí chun trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr a áirithiú maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;

168. ag tabhairt dá haire, tar éis éileamh sainráite ón bParlaimint, go gceanglaítear le Rialachán leasaithe STA ar na Ballstáit faisnéis a fhoilsiú maidir leis an 100 faighteoir deiridh a fhaigheann an méid is airde cistiúcháin faoi STA; ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh na Ballstáit uile ach Ballstát amháin an liosta is gá ar Scórchlár STA agus go mbreathnaíonn siad ar éagsúlacht mhór de mhéid na n-íocaíochtaí ar fud na mBallstát agus laistigh de gach tír araon, rud a mhínítear le cineál ilchineálach RRPanna;

169. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh eile a rinne an Coimisiún chun trédhearcacht a mhéadú maidir le cur chun feidhme STA; ag tabhairt dá haire go bhfuil príomhdhoiciméid lena rialaítear an cur chun feidhme, amhail RRPanna, Socruithe Oibríochtúla, modheolaíochtaí le haghaidh measúnú, agus doiciméid lena dtacaítear nó ina bhfuil príomhchinntí maidir le cur chun feidhme na mBallstát ar fáil go poiblí agus go bhfuil rochtain éasca orthu;

Moltaí

170. ag tacú leis na moltaí ón gCúirt ina Tuarascáil Bhliantúil agus i dtuarascálacha speisialta gaolmhara, agus is díol sásaimh di go nglacann an Coimisiún le formhór na moltaí sin; á iarraidh ar an gCoimisiún iad a chur chun feidhme agus an t-údarás um urscaoileadh a

choinneáil ar an eolas maidir le dul chun cinn an chur chun feidhme;

171. Ina theannta sin, á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) roghanna éagsúla a mhapáil chun aghaidh a thabhairt ar aisiompú na ngarspriocanna tar éis dheireadh thréimhse cur chun feidhme STA agus an bhunúis dlí ábhartha;
(ii) leanúint d'fheabhas a chur ar shoiléireacht na mbeart agus na M&Tanna gaolmhara nuair a thíolacann an Ballstát athbhreithniú ar an bplean náisiúnta;
(iii) aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna tuairiscithe ag céim luath trí chúnamh teicniúil a chur ar fáil, inter alia, do na Ballstáit;
(iv) leanúint de bheith ag obair leis an gCúirt chun an léirmhíniú ar M&Tanna a thabhairt le chéile chomh gar agus is féidir; agus
(v) leas a bhaint as moltaí na Cúirte óna cuid oibre maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as an taithí a fuarthas ó thaobh ionstraimí feidhmíochtbhunaithe an Aontais amach anseo a cheapadh agus a chur chun feidhme nuair is ábhartha;